

Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

CLÁR ÁBHAR

Réamhfhocail le Cathaoirleach Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann

Réamheolas le Stiúrthóir

Bailiúcháin agus Rochtain

Ealaín agus Tionscal

Seaniarsmaí Éireann

Saol Tíre Éireann

Stair an Dúlra

Caomhnú

Clárú

Oideachas agus Foghlaim

Dearadh agus Grianghrafadóireacht

Oibríochtaí

Airgeadas

Acmhainní Daonna

Gnóthaí Corparáideacha

Córais Dhigiteacha agus Faisnéise

Margaíocht agus Cumarsáid

Forbairt Tráchtála agus Miondíol

Saoráidí agus Slándáil

Ráitis Airgeadais

Foilseacháin le Foireann an Mhúsaeim

Bord

Eolaire Foirn

Réamhfhocail le Cathaoirleach Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann

Ba mhór an pléisiúr dom mo théarma mar Chathaoirleach ar Ard-Mhúsaem na hÉireann a thosú in 2024, nuair a ghlac mé ceannas ar an gceannaireacht den scoth a chuir Catherine Heaney ar fáil. Ba mhór an t-aistriú a rinneadh i gconair an Mhúsaem in 2024 i gcomhthéacs a straitéise, i ndáil le tionchar agus nasc. Cuireadh an fáth a bhfuil tábhacht le músaem i gcuimhne dúinn le bliain anuas. Ní hamháin mar spásanna cultúrtha, ach mar spásanna cathartha ciúine a mbíonn tionchar acu lena múnlaítear an dóigh a dtuigimid muid féin, a chéile, ár bpobail, agus an dóigh a ndéanaimid ár mbealach trínár n-áit ar domhan; chun bheith ina áit tearmainn agus iontais, príomhluach i bplean straitéiseach reatha an Mhúsaem.

Mar mhúsaem agus mar institiúid chultúrtha náisiúnta, caomhnaímid agus coimeádaimid déantáin ó stair ár náisiúin a chuidíonn linn ceachtanna a bhaint as na heispéiris inar cruthaíodh na déantáin sin agus machnamh a dhéanamh ar ár n-oidhreacht chultúrtha. Bíonn an tionchar sin dobhraite go minic, ach bíonn sé inbhraite freisin mar gur tháinig os cionn 1.3 milliún cuairteoir chuig ár músaem in 2024, mar chuairteoirí intíre ach freisin mar acmhainn thábhachtach chun turasóirí a mhealladh agus ár n-oidhreacht a thaispeáint dóibh. Léirítear leis sin tionchar socheacnamaíoch suntasach an Mhúsaem. Cuireann ár n-institiúidí cultúrtha go díreach leis an ngeilleagar trí thurasóireacht, oideachas agus taighde agus go hindíreach trí shoghluaisteacht agus cuimsiú sóisialta. Chomh maith leis sin, braitear ár dtionchar thar lear ag taispeántais mhórsála, i seomraí ranga, in ollscoileanna, i bpobail, agus i ndioscúrsa poiblí. Sin uile saor in aisce.

Ní rud gan tábhacht é an cultúr; tá sé ríthábhachtach do shochaí agus do gheilleagar athléimneach agus do thodhchaí chobhsaí. Níos mó agus níos mó, feicimid conas is féidir le cultúr bheith ina chúis le deighilt, ach le haontú freisin. Mar náisiún déanaimid iarracht bheith ar thaobh na haontachta, na tuisceana agus na comhbhá. Mar mhúsaem, athluaimid na luachanna sin agus tacaímid lenár dtír sa mhísean sin. Ní bhíonn an cúram sin furasta i gcónaí. Oibrímid go crua chun tionchar a bheith againn, ach táimid i mbun iarracht a dhéanamh tionchar ár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta a uasmhéadú chun go mbeidh tuiscint níos fearr agus níos forleithne orthu (agus chun go mbeidh meas níos fearr agus níos forleithne orthu). Ní fiú dada tíortha gan a gcultúr uathúil, a dtraidisiúin, a scéalta, a stair, agus go deimhin na réada a léiríonn iad sin. Tá an Músaem ag obair i dtreo a uailmhian a bhaint amach trína Phlean Straitéiseach, a aithnítear le cuid de an gá go bhfásfaimid agus go n-éagsúlóimid ár samhlacha ioncaim trí dhlúthchomhar leis an Rialtas agus lenár máthair-Roinn chun níos mó maoinithe a thabhairt isteach san earnáil.

Tá ár dtóir ar bhaile buan dár mbailiúchán náisiúnta a sheasfaidh an aimsir, fós gan réiteach. Agus cé go bhfuil ár n-uailmhianta ag méadú, níl ár n-acmhainní ag méadú. Cé gur mhéadaigh ár maoiniú ó bhí 2017 ann, níor mhéadaigh sé a dhóthain chun boilsciú agus costais oibriúcháin mhéadaithe a mhaolú. Mar institiúid, tá ár n-uailmhian chun oibriú le taighdeoirí, comhpháirtithe agus pobail ina ceann suntasach ach tá ár n-acmhainn teoranta. In ainneoin na srianta, tá an obair a rinne an fhoireann go hiontach ar fad. Mar gheall ar a gcruthaitheacht, a gcúram agus a dtiomantas 'go ndéanfaidís beart de réir a mbriathair' ar son an chultúir, ní hamháin gur coinníodh an Músaem ag feidhmiú ach bhí tionchar aige freisin. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo.

Gabhaimid ár mbuíochas leis an iar-Aire sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D., agus lena foireann as a dtacaíocht agus a n-abhcóideacht. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Patrick O'Donovan agus lena fhoireann sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le linn 2025 agus ina dhiaidh sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhchomhaltaí Boird a thugann cuid mhór dá gcuid ama agus saineolais go deonach agus a chuireann le gnóthachtáil agus rath Ard-Mhúsaem na hÉireann dá bharr.



Cathal O'Donoghue

Cathaoirleach

Réamheolas le Stiúrthóir

Ba í 2024 an chéad bhliain oibríochtúil iomlán de straitéis nua an Mhúsaeim, *Inrochtaineacht a Mhéadú, Rannpháirtíocht leis an bPobal* agus dá bhrí sin cuireadh tús le réimse tionscnamh, clár agus gníomhaíochtaí nua faoi cheannnteidil ár bpeirspictíocht Straitéise – Pobal, Pláinéad agus Eolas Comhroinnte.

I gcroílár fhís straitéis an Mhúsaeim tá spás tearmainn agus iontais a chruthú trí rochtain leanúnach a sholáthar dár lucht féachana/éisteachta ar na réada agus na samplaí fíoráille agus suimiúla atá inár mBailiúchán Náisiúnta ach a chinntiú freisin go gcuirfidh an Músaem bealaí nua agus iontacha rannpháirtíochta chun cinn. Trí chomhoibriú le pobail imeallaithe agus iniúchadh a dhéanamh ar scéalta a bhí ceilte roimhe seo, ghlac an Músaem páirt i ndeiseanna in 2024 le haghaidh bealaí nua oibre a thugann aghaidh ar ár n-ábhair imní chomhaimseartha agus an staid dhomhanda.

Príomhchúram den obair sin ba ea ról na gCoimeádaithe Cuimsitheacha a fhorbairt agus a neartú. Cé go bhfuil go leor dár gcoimeádaithe reatha agus dár bhfoireann oideachais ag tacú le próisis chomhchoimeádaíochta agus cleachtais chuimsithigh, agus go bhfuil siad páirteach iontu, leis na blianta, díríonn ár gcoimeádaithe startha cuimsitheacha ar bhailiúcháin atá ann cheana féin agus a d'fhéadfadh fanacht lasmuigh den Mhúsaem. Tríd an obair sin, tá bealaí nua á bhforbairt acu chun bheith rannpháirteach, chun bailiú agus cleachtas coimeádaíochta a dhéanamh, go háirithe i dtaifeadadh na startha béil, a mbeidh tionchar forleathan acu ar éagsúlacht agus ar chultúr na foirne agus na mbailiúchán in Ard-Mhúsaem na hÉireann. In 2024, chomhoibrigh ár gCoimeadaí Startha Cuimsitheacha i gCultúr an Lucht Siúil leis an ngníomhaí Martin Warde, chomh maith le 10 n-agalláí ón bpobal Mincéirí ar fud na hÉireann, chun Cartlann Mhincéirí a tháirgeadh, an chéad bhailiúchán faoi stiúir píaraí in Éirinn de thaithí saoil, a insíonn Seanóirí Phobal an Lucht Siúil in Éirinn iad féin - [Cartlann na Mincéirí](#). Tá acmhainn do Mhúinteoirí agus treoir phlé ag gabháil leis an gcartlann thábhachtach sin chun tacú le gníomhaíochtaí Bunscoile.

Chomh maith leis sin, chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhar le Cartlann Náisiúnta na hÉireann tús leis an obair thábhachtach chun an tlonad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin a fhorbairt ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada i mBaile Átha Cliath 1. Leis an tionscnamh sin faoi stiúir an Rialtais, comhcheanglófar cartlann do na taifid ó Neachtlanna Mhaigdiléana, Scoileanna Saothair, Árais Máithreacha agus Naíonán agus institiúidí eile príosúnachta éigeantais agus deighilte teaghlaigh le spás músaeim a fhorbrófar agus a chomhchoimeádfar i gcomhar le marthanóirí agus daoine lena mbaineann. Tionóladh sraith tosaigh imeachtaí rannpháirtíochta i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Lánpháirtíochta Míchumais agus Óige, Oifig an Abhcóide Speisialta agus an Chartlann Náisiúnta ar fud na hÉireann in 2024 agus forbraíodh sraith gealltanais do mharthanóirí agus do dhaoine lena mbaineann as an bpróiseas a fhoilseofar in 2025.

Agus an Músaem beagnach réidh le roinnt taispeántas mórsála a oscailt in 2025, lena n-áirítear *Gailearaithe nua Éire ag Athrú* i nDún Uí Choileáin agus *Focail ar Farraige* i Sráid Chill Dara, lean ár bhfoireann le taispeántais shealadacha nua lena dtugtar léargas uathúil ar an mbailiúchán a fhorbairt. I mí Feabhra 2024, osclaíodh *Crónán na mBeach*, taispeántas a thug

le chéile ár mbailiúcháin Saol Tíre, Stair an Dúlra agus Ealaíon agus Tionsclaíocht chun tionchar agus léiriú na mbeach Éireannach ar ár gcultúr agus ar ár dtimpeallacht a iniúchadh. Léiríodh sa taispeántas sin deiseanna chun réimse éagsúil cuairteoirí a mhealladh trí iniúchadh a dhéanamh ar bhailiúcháin iomadúla faoi théama amháin agus bhí sé thar a bheith ábhartha dár rún díriú níos mó ar chomhoibriú tras-rannach laistigh den Mhúsaem.

Agus suim ar fud an domhain i mbailiúcháin mhúsaeim lena mbaineann comhthéacs coilíneach ag méadú, cuireadh ceist inár dtaispeántas Is Muid Údair ár Scéalta Féin, '*Cén chuma atá ar chultúr agus ar fhéiniúlacht na hÉireann céad bliain i ndiaidh bhunú an stáit?*', taispeántas a bhí mar thoradh ar an tréimhse dhá bhliain a chaith Anthony Haughey ag obair mar ealaíontóir cónaitheach ag an Músaem lenár bhfoireann Oideachais, agus osclaíodh an taispeántas i nDún Uí Choileáin i mí Feabhra 2024. Faoi chúram Maoilíosa Boyle agus Jonathan Cummins, bhí roinnt saothar ealaíne sa taispeántas a raibh sé mar aidhm leo dúshlán a thabhairt do chuairteoirí agus iad a mhealladh. Agus saothar ó Thionól Óige uile-oileáin mar chuid den taispeántas, bhí saothar scannáin, *Remember to Forget the Past* ina chuid den taispeántas freisin. Sa scannán seo, arna léiriú i gcomhar le Leina Ibnouf, Lauretta Igboonu agus Rita Petlane i gcomhar lenár gcoimeádaí do Chultúr an Domhain, insítear scéal na dtriúr ban seo agus iad ag féachaint ar dhéantáin stairiúla a raibh tábhacht ar leith leo dóibh i ndáil lena stair phearsanta agus ag roghnú na ndéantán sin. Arna scannánú i stóir bhailiúcháin Chultúr an Domhain i nDún Uí Choileáin, rinne na scéalaithe ón tSúdáin, ón Afraic Theas agus ón Nigéir iniúchadh ar an dóigh ar múnlaíodh a saol sa naoú haois déag agus san fhichiú haois faoi scamall an choilíneachais.

Cuireadh tús le go leor tionscadal agus tionscnamh nua agus leanadh leo faoi pheirspictíocht an Eolais Chomhroinnte. Go háirithe, tá ár nGréasán Cartlainne Pobail na hÉireann, comhoibriú idir Músaem Náisiúnta na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta, lena gcuirtear feabhas ar bhailiúchán staire agus oidhreachta áitiúla agus ar theacht orthu trí chuidiú le pobail a mbailiúcháin a roinnt ar líne, ag dul ó neart go neart. I mí Dheireadh Fómhair 2024, seoladh an taispeántas *Mary Anne Fanning, ó 1880 go 1964*, - '*Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail*' in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh. Ceiliúrtar leis an taispeántas sin, a chomhchoimeád Emma Laffey, ball de iCAN agus foireann an Mhúsaeim, an méid a rinne cnáimhseacha agus banaltraí pobail i gcúram máithreachais in Éirinn, go háirithe ag tús an 20ú haois. Insítear scéalta ann faoi chnáimhseacha agus banaltraí a ndearna 22 grúpa iCAN ar fud na hÉireann taighde orthu. Is é seo an chéad uair a bhí tionscadal de chuid iCAN ina fhócas lárnach i dtaispeántas de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann agus léirítear leis na deiseanna flúirseacha atá ag institiúidí chun comhchoimeádaíocht a dhéanamh le pobail agus comhoibriú leo chun scéalta na mban suntasacha a bhí ceilte roimhe seo a insint. Le tionscadail mar sin, léirítear na deiseanna atá ann chun taighde comhoibríoch agus comhchoimeádaíocht a dhéanamh a bheidh ina ngné shuntasach den Mhúsaem, go háirithe agus muid ag forbairt chuspóirí ár Straitéise Taighde atá á forbairt faoi láthair.

Tá sé de phribhléid ag Ard-Mhúsaem na hÉireann cuid de na foirgnimh stairiúla is áille agus sna suíomhanna is fearr in Éirinn a áitiú. Mar sin féin, tá gá mór le hathchóiriú agus athfhorbairt a dhéanamh ar go leor de na foirgnimh sin ionas go mbeidh siad de réir an

chaighdeáin a mbítear ag súil leis ó institiúid náisiúnta chultúrtha chomhaimseartha. Cuirimid fáilte mhór roimh an infheistíocht chaipitiúil atá curtha i láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta reatha chun infheistíocht a dhéanamh sna foirgnimh sin. In 2024, dhún Músaem Stair an Dúlra ar Shráid Mhuirfean chun an chéad chéim eile den phlean athchóirithe a éascú – na hoibreacha imscrúdaitheacha lena gcuirfear bonn eolais faoi dheardh deiridh an Mhúsaeim. Chun go bhféadfar an raon feidhme atá ag teastáil do na hoibreacha imscrúdaitheacha a chur ar fáil, ní mór na daoine go léir san fhoirgneamh a aistriú ar feadh seala. Cuireadh tús leis an obair sin in 2024 agus leanfaidh sí ar aghaidh le linn 2025. Is ceann scríbe a bhfuil an-tóir ag cuairteoirí air é Músaem Stair an Dúlra, go háirithe i measc teaghlaigh óga, agus lena chinntiú go mbeidh deis ag ár gcuairteoirí fós bheith páirteach leis na heiseamail is fearr leo, osclóimid Saotharlann an Zú Mhairbh ag an Scoil Mharcaíochta i nDún Uí Choileáin i Samhradh 2025. Beidh an spás sin tábhachtach freisin chun deiseanna a chur ar fáil d'fhoireann Stair an Dúlra chun modhanna nua léirmhínte agus taispeántais an bhailiúcháin a thástáil agus na dearaí don athchóiriú a n-ullmhú agus a scóip á measúnú againn.

Gné lárnach dár straitéis agus dár bplean gnó do 2024 ba ea athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbranda agus ar ár bhféiniúlacht fhoriomlán agus oibriú chun go leor saincheistean seabhunaithe a bhaineann leis an dóigh a gcuirimid cad a dhéanaimid in iúl a réiteach. I ndiaidh próiseas soláthair iomaíoch, fuair an Músaem Zero-G chun oibriú ar an athnuachan i gcomhar le grúpa stiúrtha de bhaill foirne an Mhúsaeim agus sraith ceardlann ar fud láithreáin an Mhúsaeim. Cuirfear athnuachan an Bhranda agus na Féiniúlachta i bhfeidhm le seoladh Chlár 2025 agus cuirtear athchóiriú fíneálta ar ár gcuma agus ár n-atmaisféar foriomlán i láthair léi chun go mbeidh sé ag teacht níos fearr le riachtanais reatha na meán digiteach agus clóite. Chomh maith leis sin, bhreithníomar ainmniú gach ceann de cheithre láithreán an Mhúsaeim, lena tugadh isteach cuir chuige nua a dhírigh ar shuíomh an Mhúsaeim agus lena tugadh deis dá bharr sin chun léirithe iomadúla de ghnéithe éagsúla den bhailiúchán a chur in iúl mar thuairisceoirí uathúla d'eispéireas an chuariteora ag gach láithreán. Léirítear leis sin fiúntas comhrá agus comhoibrithe níos fearr idir bailiúcháin agus foirne ag gach ceann de láithreáin ár Músaeim mar atá leagtha amach inár straitéis.

In 2024 cuireadh tús freisin le sraith ceardlann agus clár forbartha lenár bhfoirne. Trí thionscnaimh ar nós *Agenda from the Floor* a dhírigh ar ár bhfoirne fáilteachais ag nascadh na hoibre sin le hoiliúint leanúnach ar cheannaireacht agus forbairt ghairmiúil ár foirne bainistíochta. Cinntítear leis na cláir sin go gcuirtear léargas agus eispéiris luachmhara in iúl ar fud na heagraíochta, rud a éascaíonn cur chuige na foirne uile i leith athraithe.

Ar deireadh, cé go raibh sé sin teoranta mar gheall ar chineál ár bhfoirgneamh stairiúil, rinne an Músaem dul chun cinn suntasach le linn 2024 maidir le príomhchuspóirí a Threochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach, agus fuair sé gradam ó SEAI as Córas Monatóireachta Fuinnimh nuálach bunaithe ar Idirlíon na nEarraí (IoT) a fhorbairt, rud a d'athraigh ár gcur chuige i leith bainistíocht fuinnimh ó bhonn. A bhuí leis an obair sin bhíomar in ann os cionn 100 deis spárála fuinnimh a shainaithint le hinfeistíocht chaipitiúil íosta. Chun spriocanna don todhchaí a bhaint amach, beidh infheistíocht shuntasach

chaipitiúil inár bhfoirgnimh ag teastáil uainn agus táimid ag tnúth le rannpháirtíocht amach anseo le hOifig na nOibreacha Poiblí chun na tionscnaimh sin a chur chun cinn.

Agus os cionn 1.3 milliún cuairteoir againn ar fud ár láithreán go léir, ba é oibriú laethúil ár n-institiúide, ina gclúdaítear láithreáin iomadúla Músaeim agus bailiúcháin, an rath ba mhó a bhí orainn in 2024. Is é tiomantas ár bhfoirne d'eispéireas an chuairteora, do chúram na mbailiúchán, agus d'eispéiris choimeádaíochta agus oideachais an bua agus an cumasóir is mó d'obair an Mhúsaeim agus tá tuilleadh eolais do gach rannóg leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo. Tá go leor dúshlán roimh an Músaeim, idir shuíomh buan nua a fháil dár nIonad Acmhainní Bailiúchán agus éagsúlú agus infheistíocht a mhéadú lena chinntiú go mbainfimid uailmhian ár bplean straitéisigh amach. Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo an dóigh a leanann ár bhfoireann dhíograiseach le rudaí a sholáthar agus a bhaint amach laistigh de shrianta leanúnacha. Ba mhaith liom a gcuid éachtaí agus a gcuid oibre crua le dhá mhí dhéag anuas a cheiliúradh agus a aithint chomh maith le ceannaireacht agus tacaíocht ár mBoird, ár gCathaoirligh agus príomhpháirtithe leasmhara.



Lynn Scarff
Stiúrthóir

BAILIÚCHÁIN AGUS ROCHTAIN

EALAÍN AGUS TIONSCAL

Tá an rannán freagrach as bailiúcháin Ealaíne agus Tionsclaíochta an Mhúsaeim a choimeád. Agus níos mó ná 530,000 déantán ann, cuimsítear leis an mbailiúchán náisiúnta seo oidhreacht ealaíonta, shóisialta, thionsclaíoch, mhíleata, agus pholaitiúil na hÉireann, le ceithre chéad bliain anuas. Áirítear leis sin na healaíona maisiúla agus feidhmeacha; uirlisí ceoil agus eolaíochta; moneolaíocht agus bailiúcháin stÉpaí; feithiclí; airm agus armúr; lámhscríbhinní agus saothair ealaíne; cnuasach Eileen Gray; agus déantáin Áiseacha, go háirithe bailiúchán Albert Bender. Déanann coimeádaithe Ealaíne agus Tionsclaíochta taighde ar an mbailiúchán, forbraíonn siad é agus roinneann siad é leis an bpobal ag Dún Uí Choileáin agus ar líne.

Saothair Faighte

Fuair an rannán ealaíne agus tionsclaíochta na nithe a leanas sa bhliain 2024:

- *Green Fields* (2020) le Cara Murphy, airgead
- *Wave* (2024) le Caitlin Murphy, airgead agus cruach
- *Cut first, ask questions later* le Sam Gleeson, Cruach charbóin, micarta seanré, adharc bó, dair
- *Críoch Tús* (2022) le Michelle Ryan, gloine
- Cré-earraí le John ffrench
- Sais Fhíniúeach (c.1867)

Fuair AMÉ an Fender Stratocaster 1958 a bhí ag Rory Gallagher (1948-1995) trí bhronntanas trí Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Bhí an giotár ina chuid de cheant ag Bonhams ina raibh roinnt uirlisí de chuid Rory Gallagher agus d'éirigh le AMÉ 'stratocaster cúltaca' Rory Gallagher a fháil. Beidh an Fender ina ghné sa taispeántas Éire ag Athrú atá le teacht agus atá le hoscailt i mí Dheireadh Fómhair 2025. Fuarthas bailiúchán Airgid Éireannaigh ón 18ú haois agus ón 19ú haois le déantóirí éagsúla Éireannacha, lena n-áirítear airgead Éireannach ó na cúigí trí Alt 1003 sa bhliain 2024.

Bronnadh na nithe a leanas ar na bailiúcháin Ealaíne agus Tionsclaíochta in 2024:

- Mionghúna cóisire (2009-10) le Paul Costelloe, sról
- Mionghúna cóisire (1960) le Irene Gilbert, lása Charraig Mhachaire Rois, sípris síoda, sreabhann
- Crobhaing scealla a rinneadh do phósadh Chumann na gCarad i bPort Láirge sa bhliain 1877
- Bailiúchán litreacha pearsanta, bileog, paimfléad, tréimhseachán agus grianghraf de chuid William McGregor
- Gunnán Webley a bronnadh i gcás don Uasal Harrington, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, mar bhronntanas ó Charles Stewart Parnell.

Taispeántais na mBailiúchán

Is tionscadal an-mhór é *Éire ag Athrú* don Mhúsaem atá á mhaoiniú tríd an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus a osclófar sa bhliain 2025 agus beidh sé ina leathnú is mó de ghailearaithe poiblí an Mhúsaeim sna fiche bliain seo a chuaigh thart.

Asgard

Dúnadh taispeántas Asgard i mí Lúnasa chun tabhairt faoi fhadhbanna leanúnacha. Tar éis measúnuithe, rinneadh an gailearaí a phéinteáil an athuair agus rinneadh soilsiú nua a fheistiú ann. Athosclaíodh an Gailearaí don phobal i mí na Samhna.

Saighdiúirí agus Ceannairí

Dúnadh gailearaithe 19-23 in 2024 mar gheall ar fhadhb le creatlach an fhoirgnimh. Thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi na fadhbanna sin agus glanadh agus athosclaíodh na gailearaithe don phobal sa samhradh.

Priontaí bloic adhmaid Seapánacha i mbailiúchán Albert Bender a Athshamhlú

Osclaíodh an taispeántas nua i mí Mheán Fómhair agus déantar iniúchadh leis ar an gcultúr ábhartha i bpriontaí bloic adhmaid Seapánacha.

Harry Clarke: Gloine Dhaite

Leis an taispeántas nua seo, cuirtear sé chinn de phainéil gloine dhaite Harry Clarke os comhair an phobail, lena n-áirítear roinnt dá chuid saothar is luaithe atá ar eolas agus iad ar iasacht ó Ghailearaí Crawford, Corcaigh. Osclaíodh an taispeántas i mí na Nollag agus beidh sé ar siúl ar feadh dhá bhliain ar a laghad, nuair a bheifear ag súil go n-osclófar Gailearaí Ealaíne Crawford arís tar éis oibreacha athchóirithe agus forbartha a bheith déanta air.

Cuisine

Sa taispeántas nua seo, bhí fiche píosa de mhiotalóireacht chomhaimseartha, a chruthaigh mic léinn NCAD (Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha) agus iad spreagtha ag bailiúcháin stairiúla airgid.

SEANIARSMÁÍ ÉIREANN

Tá Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann (IAD) freagrach as na bailiúcháin seandálaíochta, eitneagrafaíochta, chlasaiceacha agus Éigipteacha agus as an gcartlann a ghabhann leo, chomh maith le feidhmeanna reachtúla éagsúla a riar amhail rialú ceadúnas chun réada seandálaíochta a easpórtáil agus a athrú.

Ceadúnú

Tá IAD freagrach as bailiúcháin fionnachtana ó thochailtí seandálaíochta ar aon dul le hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014, lena ndéantar foráil go bhfuil gach ábhar a aimsítear le linn tochailtí faoi úinéireacht an Stáit agus go dtagann sé go huathoibríoch faoi chúram AMÉ. Tá IAD freagrach freisin as Ceadúnú Seandálaíochta agus oibríonn foireann IAD i ndlúthpháirt le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) maidir leis sin. Is í NMS an comhlacht Stáit ag a bhfuil freagracht as saincheisteanna seandálaíochta a thagann chun cinn ag Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit, agus tá freagracht reachtúil aici as raon ceadúnas agus ceadanna seandálaíochta a eisiúint. Tá ceangal dlí ar NMS dul i gcomhairle le Stiúrthóir AMÉ maidir le hiarratais mar sin ar cheadúnais, agus dá bhrí sin tá caidreamh reachtúil ann idir AMÉ agus NMS maidir le hiarratais ar cheadúnú faoin Acht a phróiseáil. Bhí méadú ar líon na n-iarratas ar cheadúnais sa bhliain 2024 agus próiseáladh líon iomlán de 1094 iarratas ar cheadúnas, agus rinneadh roinnt iniúchtaí ar láithreáin agus iniúchtaí ar chluichreáin a rinneadh a thochailt maidir leis na hoibreacha seandálaíochta seo a leanas:

Ceadúnas chun tochailt/monatóireacht/brath/tumadh	617
Toilithe agus Treoracha Aire	99
Ceadúnas chun rud seandálaíochta a athrú	222
Ceadúnas chun rud seandálaíochta a easpórtáil	156

Sa bhliain 2024, chuaigh foireann Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann i mbun plé go rialta le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) agus chuir siad comhairle ar go leor seandálaithe tráchtála i dtaca le cúram agus cóireáil maidir le cluichreáin

thochailte. I mí Iúil, chuir an fhoireann mórtionscadal i gcrích chun bailiúchán oidhreachta i dtaobh ábhar tochailte a phróiseáil in SCRC. Cinnteofar leis an tionscadal seo, a bhí tacaithe ag Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann, go mbeidh cúram cuí ann agus inrochtaineacht ar ábhair sa todhchaí ó bhreis is 200 láithreán seandálaíochta.

Obair allamuigh

Rinneadh obair allamuigh maidir le fionnachtana seandálaíochta i 22 chontae; Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, an Longfort, Lú, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, an Iarmhí agus Cill Mhantáin.

Saothair Faighte

Cláraíodh líon iomlán de 244 saothar faighte bliantúil sa bhliain 2024, lenar áiríodh réada an-suntasacha áirithe. I measc na saothar faighte suntasach, bhí ceann tua poircealláinite iontach ón tréimhse Neoiliteach ó Bhéal Átha an Mhuilinn, Co. an Longfoirt, duirc ón gCré-umhaois ó Dhiméin na hAbarta, Co. na Gaillimhe, deilbhín luaidhe ó dháta na Rómhánach b'fhéidir ó Chill Phádraig, Co. Chorcaí, dealg neasfháinneach mhíolchruthach ó Thulach an Chartrúin, Co. Ros Comáin agus séala airgid ar a bhfuil an inscríbhinn 'séala Bhrian Mhic Thadhg Uí Bhriain' *S' *Brien* *Mac *Tayg* *Y *Brieyn* a théann siar go dtí an 14ú haois/go luath sa 15ú haois. Fuarthas dhá cheann tua ón gCré-umhaois Luath go hanaithnid sa phost agus ba ghá feachtas poiblí a reáchtáil chun na cúinsí a chinntiú. Mar thoradh air sin, rinneadh teagmháil rathúil leis an aimsitheoir agus ligeadh don fhoireann foinse cheart na ndéantán tábhachtach sin a thaifeadadh. Rinneadh poiblíocht nach beag a ghiniúint mar thoradh ar an achainí sna meáin Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus tuairiscíodh roinnt fionnachtana neamhghaolmhara dá bharr sin.

Cúrsaí Dlí

Mar gheall ar chineál feidhmeanna reachtúla Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, chuathas i mbun plé go rialta leis an nGarda Síochána agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, go háirithe maidir le ceist i dtaobh brath miotail neamhcheadúnaithe. Phléigh an fhoireann le 20 tuairisc ar leith maidir le

brath miotail neamhcheadúnaithe. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM), agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta maidir le tosú Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, a chuirfear in ionad Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014. Mar gheall ar thosú an Achta nua, beidh freagrachtaí breise ar fhoireann IAD agus beidh acmhainní breise ag teastáil uathí chun tacú leis an obair sin, go háirithe sna 12 – 18 mí atá le teacht. D'iarr an fhoireann comhairle ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le roinnt saincheistanna éagsúla le linn na bliana agus d'fhreastail sí ar Chúirt Achomhairc Dhún Dealgan maidir le cás a tugadh faoi chionta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014.

Taispeántais agus Iasachtaí

Is cuid shuntasach d'obair Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann iad iasachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon gach bliain.

Náisiúnta

Leanann baill IAD le mórtuaispeántas de lámhscríbhinní ó St. Gallen agus de réada ó bhailiúchán an Mhúsaeim a fhorbairt. Agus é ag oscailt i mí Bealtaine 2025, beidh *Focail ar Farraige* ina thaispeántas ceannródaíoch ar chaighdeán idirnáisiúnta agus thacaigh an fhoireann uile leis an iarracht sin trí dhualgais bhreise agus róil thacúla a ghlacadh agus é á fhorbairt. I mbliana, d'oibrigh ball foirne amháin go lánaimseartha ar thaighde agus ar ullmhúchán don taispeántas, in éineacht le Taighdeoir

Coimeádaíochta. Ina theannta sin, d'oibrigh an fhoireann ar ullmhúchán maidir le taispeántas de thrí chlog chré-umha mheánaoiseacha ón gcúigiú haois déag a bhí crochta lá den saol sa chlogás ag Eaglais Mhainistir Mhuire, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath. Bhronn an teaghlach Gaisford St Lawrence iad ar an Músaeim agus is é a bhí i gceist leis an bpróiseas sin ná dul i gcomhairle leis na bronnóirí agus le páirtithe leasmhara na hoidhreachta áitiúla i mBinn Éadair. Chuaigh baill na foirne IAD i dteagmháil le comhghleacaithe san OPW chun soilsiú a uasghrádú agus lipéid a uasdátú (tar éis taighde nua ar thaisce Dhún Fírchirt) sa taispeántas *Ór*. Le linn na bliana, lean baill na foirne le taispeántais a ghlanadh a bhain le taispeántas Éire na Lochlannach, agus is é a bhí i gceist leis an obair sin cásanna a fholmhú agus a ghlanadh go hinmheánach. Rinneadh taispeántas cré-earraí in *Éire Réamhstairiúil* a

bhaint anuas freisin chun oibreacha OPW a éascú. D'oibrigh Eitneagrafaí IAD ar thaispeántas comhoibríoch atá le tarlú amach anseo le NCAD agus le comhghleacaithe Ealaíne agus Tionsclaíochta.

Músaeim Áitiúla

Mar chuid de shainchúram Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann chun oibriú le músaeim áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn, chuaigh baill na foirne i gcomhairle le comhghleacaithe músaeim ar fud na hÉireann. Rinneadh iniúchadh ar iasachtaí i gcontaetha Aontroma, an Chabháin, an Dúin, na Mí agus Chill Mhantáin. Cuireadh cúnamh ar fáil do chomhghleacaithe i gCeatharlach, i gCorcaigh, sa Chabhán agus i Muineachán maidir le saincheisteanna bailiúcháin agus iasachtaí atá ann cheana féin agus iasachtaí atá beartaithe. Rinneadh leac croise ó Oileán Máisean, Co. na Gaillimhe, a shuiteáil do thaispeántas '*Airgead agus Clocha*' i Músaem Chathair na Gaillimhe, taispeántas arna sheoladh ag Stiúrthóir AMÉ, Lynn Scarff.

Idirnáisiúnta

Níos faide amach, thaisteal baill na foirne ar thurais chúiréireachta le hiasachtaí IAD do Mhúsaem Cuimhneacháin an Chaptaein Cook i Whitby agus go dtí Freising, chuig Haus der Bayerische Geschichte, an Ghearmáin, áit a ndeachaigh plaic Achadh Bhó ar iasacht ó mí Feabhra go mí Márta. D'fhreastail baill na foirne ar Chomhdháil Ealaíona an Aigéin Chiúin i mBeirlín.

Cuairteanna Taighde

Cuid lárnach d'obair Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann gach bliain is ea spreagadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do thaighdeoirí chun rochtain a fháil ar chartlann an rannáin agus ar a bailiúcháin. Rinneadh níos mó ná 220 cuairt ar an gcartlann agus 66 cuairt ar na bailiúcháin chúltaca a éascú lenar áiríodh cuairt ag beirt comhghleacaithe coimeádaíochta ó Mhúsaeim Náisiúnta na hAlban mar chuid de Thionscadal Thaisce Ghall-Ghàidhealaibh dá chuid. Cuireadh fáilte roimh Stiúrthóir agus Ceann Bailiúchán Mhúsaem Náisiúnta na hEilvéise freisin chuig an Músaem chun comhoibriú féideartha a phlé maidir le taispeántas Naomh Gall.

Taighde/Tionscadail

Forbraíodh roinnt tionscadal taighde agus foilseachán maidir le saothair faighte a fuarthas le déanaí. Sa bhreis air sin, tacaíodh le tionscadail iomadúla (m.sh. taighde ar dhealga airgid meánaoiseacha, ar im phortaigh, agus ar sciath Chluain Orrtha trí rochtain ar bhailiúcháin nó ar an gcartlann nó trí chomhairle a chur ar fáil. Rinneadh dul chun cinn ar thaighde ar im phortaigh, ar shoithí na luath-mheánaoise agus ar adhlacthaí a tochlaíodh le déanaí i measc ábhair eile. Tugadh tacaíocht choimeádaíochta do chéim II den tionscadal fardail. I mí Dheireadh Fómhair, chuir an fhoireann tús le mórtionscadal cúraim do bhailiúcháin ar stórais IAD a raibh baint agus athphacáil timpeall 6,500 réad i gceist leis. Bhí sé riachtanach stop a chur le rochtain do thaighdeoirí ar feadh ceithre mhí dá bharr sin. Chuir foireann IAD tacaíocht agus faisnéis ar fail do chomhghleacaithe i Músaeim Náisiúnta, Tuaisceart Éireann, maidir le raon saincheisteanna. San iomlán, scríobh coimeádaí digiteach (a chuaigh le AMÉ ar chonradh sé mhí le linn na bliana) líon iomlán de 703 iontráil don Tionscadal Bailiúchán Ar Líne agus sa deireadh, bhí 1680 i líon iomlán na n-iontrálacha críochnaithe do IAD mar gheall air sin.

Ionadaíocht

Rinne foireann IAD ionadaíocht thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann ar na comhlachtaí seachtracha seo a leanas: Coiste Idirchaidrimh Seandálaíochta Bhord na Móna; Grúpa Idirchaidrimh na Músaem Ainmnithe; Coiste Stiúrthóirí an Chláir Fionnachtana; Buan-Choiste an Acadaimh Ríoga um Sheandálaíocht; Comhairle Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann; an Bord Eagarthóireachta, Iris Seandálaíochta na hÉireann; Coiste Comhairleach agus Grúpa Oibre an Rialtais um Oiriúnú don Athrú Aeráide; Grúpa Oibre an Lusitania; an Scéim Deontais um Oiliúint Tumadóireachta; an Straitéis Náisiúnta um Sheandálaíocht Faoi Uisce; Seimineár TII (Bonneagar Iompair Éireann) maidir le Seachbhóthar Áth Dara. Go himheánach, rinne an fhoireann ionadaíocht ar son an Rannáin ar lear mór coistí beartais lena n-áirítear an Coiste um Shláinte agus um Shábháilteacht.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Thug baill foirne Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann léachtaí poiblí le linn na bliana agus chuir siad turais ar siúl ar na taispeántais agus na bailiúcháin éagsúla do raon leathan

spriocluchtanna ar ábhair sheandálaíochta agus mhúseolaíochta laistigh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, ar fud na tíre agus in áiteanna thar lear. D'éascaigh foireann Sheaniarsmaí na hÉireann seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus rinne siad teagmháil le go leor cuairteoirí ar feadh trí lá. Tugadh léachtaí poiblí do Mhúsaem Chontae an Chláir; don chomhdháil *An tEalaíontóir agus an Músaem* agus don chomhdháil *Armáid 1588: Éire agus an Spáinn: Oidhreacht Chultúrtha faoi Uisce choiteann*. Thug an fhoireann léachtaí do chláir fochéime agus iarchéime i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil na Gaillimhe agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, lenar áiríodh an cúrsa MA i Staidéar Iarsmalainne i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhuaill baill na foirne le comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha chun bailiúcháin na hAfraice ag AMÉ a phlé, agus ghlac siad páirt freisin sna sain-turais ar thaispeántais do dhaoine mór le rá agus do speisialtóirí agus bhí siad rannpháirteach i dtuairiscí iomadúla sna meáin agus d'éascaigh siad iarratais ar agallaimh do nuacht teilifíse, do chláir faisnéise, do phodchraoltaí agus do chraoltaí eile a bhain leis na bailiúcháin.

STAIR AN DÚLRA

Déanann an Rannán um Stair an Dúlra (NHD) cúram de bhailiúcháin an Mhúsaeim i ndisciplíní na zó-eolaíochta agus na geolaíochta, ina bhfuil tuairim is dhá mhilliún eiseamal.

Tionscadal Caipitiúil Stair an Dúlra

Dhírigh an Rannán um Stair an Dúlra (NHD) ar ghnéithe uile forbartha agus pleanála don Tionscadal Athchóirithe um Stair an Dúlra lenar áiríodh pleanáil a dhéanamh le Fitzgerald Kavanagh and Partners (FKP) agus le baill na foirne dearaidh chomhtháite, in éineacht le foirne AMÉ eile agus le comhpháirtithe in Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Tar éis próiseas rathúil earcaíochta agus soláthair, d'éirigh le foireann tionscadail AMÉ (comhdhéanta de bhaill foirne ón NHD, ó Chlárú agus ó Chaomhantas), le cúnamh ó speisialtóirí caomhnaithe stair an dúlra agus speisialtóirí caomhnaithe troscáin, 96% de na bailiúcháin a aistriú ó Shráid Mhuirfean. Forbraíodh pleananna freisin do *Shaotharlann an Zú Mhairbh*, a bheidh lonnaithe sa Scoil Mharcaíochta ag Dún Uí Choileáin ina ndéanfar cuairteoirí a tharraingt isteach i bplé agus ina mbainfear triail as cineálacha chur chuige nua maidir le léirmhíniú agus saincheisteanna inrochtaineachta. Leis an obair sin déanfar gnéithe d'athchur ar taispeánt Bhaileúchán Stair an Dúlra a luaite agus a bheidh an Músaem ar Shráid Mhuirfean athoscailte.

Taispeántais

Níor osclaíodh ach Bunurlár an fhoirgnimh thaispeántais ar Shráid Mhuirfean ar feadh na chéad ocht mí den bhliain agus dúnadh é ina iomláine don phobal an 2 Meán Fómhair chun baint iomlán na mbailiúchán ón bhfoirgneamh a chumasú mar ullmhúchán d'oibreacha caipitiúla. Sa tréimhse theoranta oscailte sa bhliain 2024, tháinig níos mó ná 290,000 cuairteoir chuig Stair an Dúlra, agus bhí deireadh seachtaine agus laethanta saoire scoile thar a bheith gnóthach.

D'oibrigh baill foirne NHD le comhghleacaithe ó IFD ar thaispeántas arna choimeád le chéile de bheacha na hÉireann, *Crónán na mBeach*, a osclaíodh ag AMÉ - Páirc Thurlaigh i mí Feabhra 2024 le tuairisciú dearfach ar Nuacht RTÉ agus le heagrán tiomanta ar an gclár Nationwide.

Chomhoibrigh baill foirne NHD le carthanas na hÚcráine UAnimals ar shuiteán ealaíne comhaimseartha i Sráid Mhuirfean dar teideal *Nest of War*, a chuaigh i ngleic le hábhar an éiceamharaithe mar thoradh ar ionradh na Rúise san Úcráin. Thacaigh NHD freisin le taispeántas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann *Mildred Anne Butler: At Home in Nature* trí eiseamail a thabhairt ar iasacht.

Bailiúcháin

Rinneadh obair leanúnach ar bhailiúcháin i rith na bliana mar chuid den phríomhghníomhaíocht, lena n-áirítear cothabháil na mbailiúchán, feabhsuithe ar an stóras, agus iarrachtaí chun dul i ngleic le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, go háirithe maidir le mianraí radaighníomhacha. Leanadh le saothair faighte a fháil ag ráta seasta, agus fuarthas thart ar 9,000 eiseamal nua lenar áiríodh eiseamail atá suntasach ó thaobh na heolaíochta ar bhonn domhanda mar aon le speicis nach bhfacthas riamh in Éirinn. Fuair an chartlann saothar faighte tábhachtach trí cheant, i bhfoirm lámhscríbhinn Farnham. Sna dialanna sin, tá tuairiscí agus nótaí bunaidh ar réada a bhí i mbailiúcháin AMÉ, agus cuireann siad sonraí ar fáil lena n-úsáid a thacú agus a leathnú.

Taighde agus Comhoibriú

Thug baill foirne NHD freagra ar 729 fiosrú nua ón bpobal le linn na bliana. Áirítear i measc na gcomhshaothar suntasach taighde:

- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le SIGNIFY, tionscadal lena ndearnadh iarracht sonraí a bhailiú ar éagsúlacht bhonnlíne Shingeapór trí bhailiúcháin ó Shingeapór a dhigitiú atá scaipthe ar fud an domhain mar thoradh ar ghníomhaíocht choilíneachta. Bhí foilseachán ina thoradh ar an gcomhpháirtíocht sin sa bhliain 2024 inar aithníodh príomhréada inár mbailiúcháin agus na daoine a bhailigh iad.
- Taighdeoir daonnachtaí iarchéime, Adriana Baillinger, a óstáil atá ag obair ar thionscadal ina ndéantar plé ar chomhthéacs réad i mbailiúcháin Stair an Dúlra de chuid AMÉ agus atá ag comhoibriú le tionscadal iCAN chun deiseanna a

aithint le haghaidh réada arna gcoimeád ag an bpobal a chur san áireamh i *Saotharlann an Zú Mhairbh*.

- Ár gcomhoibriú leanúnach leis an nGrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna chun Taisce na hÉireann d'Fhíochán Géiniteach Céiticeach a bhainistiú, tionscadal eolaíochta do shaoránaigh lena n-éascaítear taighdeoirí eolas níos fearr a chur ar riachtanais chaomhantais maidir le speicis míolta móra agus deilfeanna a mhaireann in uiscí na hÉireann trí úsáid a bhaint as samplaí craiceann míolta móra sáinnithe a bhailíonn oibrithe deonacha. Tá sé d'acmhainn againn leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo i mbliana de bharr gur cheannaíomar cuisneoir saotharlainne nua.
- Rannpháirteachas i dtionscadal NetVec Ireland lena ndéantar monatóireacht ar fheithidí a chothaíonn iad féin ar fhuil agus a ghníomhaíonn mar veicteoirí galair, atá ag éirí ina mbagairt níos mó ar shláinte in Éirinn mar gheall ar théamh na haeráide.
- Choimeád an fhoireann comhoibriú leanúnach le gníomhaireachtaí eile rialtais agus le comhlachtaí gaolmhara (lena n-áirítear an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, na Coimisinéirí Ioncaim, Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, etc.) trí chuidiú le sainathint speiceas a dheimhniú le haghaidh taifeadadh bitheolaíoch, bainistiú a dhéanamh ar eiseamail dearbháin maidir le taifid nua in Éirinn, agus tacú le measúnacht ar ábhair nádúrtha a ghabhtar chun críche forfheidhmiú na reachtaíochta fiadhúlra.
- Rinne Rannán Stair an Dúlra a chion freisin i gcomhair iasachtaí éagsúla chun taighde a éascú. Áiríodh leis sin na céadta mianraí le húsáid i dtionscadal scanta hipirspeictrigh a rinne Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, eiseamail de Chineál moilisc le húsáid i dtionscadal Cineálacha Mollusca sa Bhreatain agus in Éirinn arna mhaoiniú ag Fondúireacht John Ellerman agus feithidí agus inveirteabraigh eile le húsáid i staidéir thacsanomaíocha in ionaid taighde idirnáisiúnta éagsúla.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Chuaigh foireann i mbun plé leis an bpobal ar na meáin shóisialta, chuir siad le míreanna teilifíse, raidió agus nuachta, chomh maith le roinnt cainteanna fíorúla agus i bpearsa a thabhairt, agus d'fhreastail siad ar chúrsaí oiliúna agus ar sheimineáir ar líne agus iad i láthair go pearsanta. Cuireadh tacaíocht ar fáil do léachtaí agus do thurais d'institiúidí tríú leibhéal éagsúla (lenar áiríodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, COBÁC, OTA, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil Leicester) agus thacaigh baill foirne éagsúla le tionscadail mac léinn. Thacaigh baill na foirne NHD le gníomhaíochtaí for-rochtana freisin ag Féile na Speiceas Dúchasach ag Zú Bhaile Átha Cliath agus bhí ról tábhachtach acu i gcomhordú na Comhdhála Mianreolaíochta Eorpaí.

SAOL TÍRE ÉIRINN

Déanann Rannóg Saol Tíre Éirinn bailiúchán náisiúnta d'earraí a bhainistiú a thugann léargas ar an saol in Éirinn fadó, ar bhealach a thuigeann gur cuid den saol é go n-athraíonn agus go bhforbraíonn traidisiúin agus a fhéachann le hé sin a chur san áireamh in ár bpolasaí bailithe. Leanann an Rannóg d'obair i gcomhar le pobail agus de mhachnamh a dhéanamh faoi théamaí a d'oirfeadh d'earraí na linne seo a bhailítear. Tá an Rannán lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Saothair Faighte

Cuireadh níos mó ná 118 saothar faighte leis an mbailiúchán sa bhliain 2024. Tugann saothair faighte léargas ar chuid de na réimsí traidisiúnta inar cuireadh ábhar breise leo ach léiríonn sé réimsí freisin inar tháinig deiseanna chun cinn le réada níos

comhaimseartha a chur leo. Seo a leanas roinnt de na réada ar díol spéise iad: Dia i mbuidéil, seaicéad báinín, Drisiúr atá ceangailte le Scoil Thionsclaíoch Leitir Fraic, coiléar madra agus babhla mhadra Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUigín, Bród, agus trealamh scannánaíochta ó lár na 1900idí. Diúltaíodh do 46 bronntanas a cuireadh ar fáil lena airíodh uirlisí (éagsúla), teicstílí/éadaí, nuachtáin, troscán, vaigín agus cairt, cócaireán, meá, deasc scoile srl. Diúltaítear do bhronntanais a chuirtear ar fáil i gcásanna nuair atá réad sa bhailiúchán cheana féin atá cosúil nó lena gclúdaítear na téamaí, ábhar nó tréimhse chéanna nó má tá bail ar an réad ionas nach féidir bail sheasmhach a chur air i ndálaí Músaeim.

Taispeántais

Crónán na mBeach/The Murmur of Bees

Seoladh an taispeántas seo i mí Feabhra 2024. Is taispeántas tras-bhailiúcháin é lena ndéantar plé ar ár gcaidreamh le beacha agus lena ról sa dúlra. Áiríodh leis sin cartún Harry Clarke d’fhuinneog Naomh Gobnait i Séipéal Uí Eonáin, Corcaigh, Gúna na mBeach le Alice Maher agus roinnt eiseamal ó bhailiúchán Stair an Dúlra dár gcuid agus ó bhailiúchán ár rannáin Ealaíne agus Tionsclaíochta.

Na Doiciméid Murray

Sa bhliain 2024, fuair Rannán Shaol na Tuaithe bronntanas de 40 doiciméad a bhain leis an teaghlach Murray a raibh cónaí air faoin tuath i gContae Shligigh. Cuimsítear sna doiciméid dhea-chaomhnaithe doiciméid a mhaireann 150 bliain ó thús an naoú haois déag go dtí lár an fichiú haois agus a thugann léargas ar shaol an ghnáth-theaghlaigh feirmeoireachta. Tá rogha de na doiciméid seo ar fáil anois agus is féidir féachaint orthu i bhfoirm taispeántais ar líne. Déantar an taispeántas a chomhlánú le sraith de thrí chaint ar líne.

Mary Anne Fanning – Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail

D’oibrigh Rannán Shaol na Tuaithe go dlúth leis an gcoimeádaí Emma Laffey agus le Stiúrthóir Bailiúchán agus Rochtana agus le foireann iCAN chun cúnamh coimeádaíochta a chur ar fáil le taispeántas iCAN, Mary Anne Fanning – Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail, a osclaíodh i mí Dheireadh Fómhair

2024. Choimeád Emma an taispeántas i gcomhar le pobal teaghlach agus daoine aonair a raibh baint acu le cnáimhseacha pobail in Éirinn.

Comhar agus Caidrimh a Chothú

Rinneadh líon iomlán de 46 taighdeoir agus ealaíontóir a éascú le rochtain ar an mbailiúchán agus le for-rochtain trí thurais agus léachtaí. Ba dhíol spéise ar leith iad na teicstíil, báid, caoladóireacht, troscán agus líníochtaí ailtireachta dúchasaí.

Thug an fhoireann cainteanna ar líne agus i láthair go pearsanta araon ar thaispeántais agus ar an mbailiúchán ceirde agus ceardaíochta freisin. Bhí teagmháil ag an bhfoireann le tionscadal leanúnach de chuid Scoil an Léann Cheiltigh agus Béaloidis ag COBÁC ar úsáid sailí agus ar réada sa bhailiúchán atá déanta de shaileach. Toghadh Clodagh Doyle agus Tiernan Gaffney mar bhaill chomhairle do Chumann um Staidéar Shaol na Tuaithe agus d'fhreastail siad ar an gcomhdháil bhliantúil in Caernarfon, sa Bhreatain Bheag. Tá sé socraithe go ndéanfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann comhdháil 2026 a óstáil ag láithreán Pháirc Thurlaigh dár gcuid.

Tugadh léachtaí ag na himeachtaí a leanas: Siompóisiam Gastranamaíochta Bhaile Átha Cliath 2024, IMPAG, comhdháil bhliantúil IMMA, comhdháil Oidhreacht Chathair na Gaillimhe agus Cumann le Béaloideas Éireann. Thug coimeádaithe cainteanna ag ollscoileanna, ar líne, ar an láthair agus i músaeim eile m.sh. Músaem Chathair na Gaillimhe agus Músaem Chontae an Chláir. Chomh maith leis sin, tugadh agallaimh ar raidió i nGaeilge agus i mBéarla le linn na bliana.

Chuidigh an fhoireann le Músaem Iarnróid Oidhreachta Bhéal Tairbirt le hinnealra talmhaíochta a shainathint agus le foclaíocht ar phainéil thaispeántais. D'oibrigh baill fhoireann Shaol na Tuaithe le roinnt grúpaí ar thaispeántais fhéideartha lenar áiríodh Cumann Cuimhneacháin Aleen Cust, Cuideachta Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Tugadh léachtaí ag Sraith Cainteanna Tráthnónta Geimhridh iCAN agus ag an seimineár *The Big House in the West: Past, Present and Future* in OTA Mhaigh Eo. Tugadh caint réamhthairfeadta don Lá Domhanda Muirí.

Tuairiscíodh ar an Músaem in dhá chlár *Nationwide* sa bhliain 2024.

Taighde agus Plé leis an bPobal

Freastalaíodh ar ghrúpaí taighde le linn na bliana ó ollscoileanna amhail Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus ar go leor ealaíontóirí agus grúpaí ceardaíochta amhail ceardaithe Teicstíle Chonamara agus Eoin Reardon (cearpantóir traidisiúnta / tionchaire). Rinneadh teagmháil le grúpaí eile le linn na bliana agus Cumann Obair Phaistí na hÉireann, Léann Easpáinneach in Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Fáilte Éireann agus grúpaí pobail áitiúla, Grúpa Oidhreacht Thurlaigh agus ealaíontóirí áitiúla agus idirnáisiúnta m.sh. Anthony Haughey agus ceardaithe, m.sh. Caoladóir, Joe Hogan ina measc. Rinne foireann Shaol na Tuaithe obair allamuigh i bpobail i Ros Comáin agus in Uíbh Fhailí áiteanna a raibh scannáin de chuid Rannán Shaol na Tuaithe á dtaispeáint ag Institiúid Scannán na hÉireann.

Chuidigh baill fhoireann Shaol na Tuaithe le taighde do raon léiriúchán teilifíse lenar áiríodh an chuideachta Wall to Wall Media maidir le *Who Do You Think You Are?* agus an t-úrscéalaí Deborah Grimes dá cuid taighde ar aslonnú as na hoileáin. Bhain cúnamh taighde do dhaoine aonair le tógáil bád go príomha. Mar chuid de ghailearaí na mbád, d'fhreastail baill foirne ar *Seine Boats - A Celebration of its Intangible Cultural Heritage Status* i gCiarraí agus d'fhoilsíodar teagmháil le pobail, le saineolaithe, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le comhghleacaithe idirnáisiúnta ar an mblag um báid thraidisiúnta.

Tionscadail

Bhí na taispeántais ealaíne seo a leanas ar siúl ag **Gailearaí an Chlóis** ag Páirc Thurlaigh -

Breda Mayock – *Who Brings the Light*, Ealaíontóirí Tuaithe na hÉireann – *Rural Life in Ireland* agus Karen Cox – *Women of the Thar Desert*.

Onsight 24/25: *Silent Objects/Spoken Lives*

Agus é ina chomhthionscnamh idir Ard-Mhúsaem na hÉireann, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Éigse Éireann, cuireadh tús le *Silent Objects/ Spoken Lives* sa bhliain 2024 do sheoladh Lá Éigse Éireann, an 1 Bealtaine 2025. Iarradh ar thriúr filí chun réada a scrúdú ó Bhailiúchán Shaol na Tuaithe ag Páirc Thurlaigh agus treoraithe ag teanga na catalóige, gnéithe scéalta na réad nár scrúdaíodh fós a thabhairt chun solais.

CAOMHNÚ

Cuireann an Rannóg Caomhantais a cuid saineolais i bhfeidhm chun cúram agus caomhantas bhailiúcháin an Mhúsaeim a chur i gcrích agus a choimeád agus iad ag obair le comhghleacaithe ar fud na hinstitiúide. Is iad na réimsí is mó ar a ndíríonn an Rannóg Caomhantais ná riachtanais um chúram coisctheach, leasúcháin, agus iniúchta Bhailiúchán an Mhúsaeim a chinneadh agus a chur i ngníomh. Le chéile, thug an fhoireann faoi riachtanais chaomhantais ar fud na rannán coimeádaíochta uile agus ocht láithreán an mhúsaeim. Chuir an fhoireann comhairle ar fáil maidir le caomhantas agus d'fhreagair siad ar cheisteanna ó institiúidí cultúrtha, ó thaighdeoirí agus ón bpobal.

Tíos agus uasghrádú na mbailiúchán

Chuir caomhantas coisctheach tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir le taispeántais ar fud na láithreán uile don bhliain 2024 lena áiríodh *Crónán na mBeach, Éire ag Athrú* agus *Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail*. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do thionscadal aistrithe réad Stair an Dúlra sula ndearnadh foireann a earcú do thionscadal Athchóirithe Stair an Dúlra. Áiríodh leis sin cúnamh le suirbhé ar bhail na mbailiúchán i Stair an Dúlra. Rinneadh gaistí lotnaidí uile a athrú agus a athbhreithniú i nDún Uí Choileáin agus i Sráid Chill Dara. Ceapadh conraitheoir seachtrach don Ionad Taighde ar Bhailiúcháin (CRC) chun gaistí lotnaidí a athrú ar bhonn trialach ar feadh bliana. Cuireadh calabhrú na monatóirí timpeallachta MEACO i gcrích ar fud na láithreán uile. Ceannaíodh 60 monatóir MEACO breise ag tús na bliana agus cuireadh i bhfeidhm iad go céimneach ar fud láithreán Dhún Uí Choileáin chun an clúdach a mhéadú i limistéir na mbailiúchán agus i gcriosanna nach ndearnadh monatóireacht orthu roimhe sin. Táthar ag feitheamh fós ar choimisiúnú sheomra na bogthaise coibhneasta (RH) ísle agus tá fadhbanna timpeallachta á gcruthú ag an gcóras bainistíochta foirgneamh (BMS) ar fud láithreán Dhún Uí Choileáin mar gheall ar luaineachtaí suntasacha sa teocht agus sa bhogthaise coibhneasta. Mar thoradh ar na luaineachtaí sin, cruthaíodh fadhbanna suntasacha do na bailiúcháin lena áiríodh cásanna múscaín. A luaithe agus a sainaithníodh iad, bhí beart leasúcháin ar an bpointe ag teastáil uathu mar aon le forlíonadh acmhainní chun uasghráduithe

díothaithe múscaín agus stórála a chur i bhfeidhm, mar shampla, cuireadh tionscadal trí mhí i bhfeidhm san uaimh i Sráid Chill Dara tar éis briseadh amach múscaín. Sa bhreis air sin, cuireann caomhantas coiscitheach tacaíocht ar fáil don rannán Oideachais chun a chuid bailiúchán láimhseála a reo. Ghlan an fhoireann caomhantais agus coimeádaíochta gailearaithe agus cásanna i dtaispeántais *Éire na Lochlannach, Ríogacht agus Íobairt, Ór, Saighdiúirí agus Taoisigh, Ib Jorgensen agus Mar a Chaitheamar É*. Chuir an Caomhantóir Páipéir an chéad bhabhta d'uainíocht réad prionta Sheapánaigh i bhfeidhm i ngailearaí *Albert Bender* i gcomhar le Coimeádaí na mBailiúchán Áiseach mar chuid de thionscadal a mhairfidh ar feadh 2.5 bliain le teacht. Sainaithníodh stoic ghuaiseacha de scannán Nítriceallalóis sna bailiúcháin agus tar éis measúnú coimeádaíochta rinneadh iad a stóráil go sábháilte agus iad ceaptha do dhiúscairt. Tar éis guaiseacha radaighníomhacha a shainaithint laistigh de shamplaí geolaíocha bhailiúchán Stair an Dúlra, rinneadh measúnú riosca agus rinneadh bearta maolaitheacha ina leith.

Caomhnú Leasúcháin

Rinneadh cóireáil ar réada roimh iad a chur ar taispeáint nó a thabhairt amach ar iasacht, chun an stóras a fheabhsú, chomh maith le foilsiú agus taighde mar aon le bearta garchabhrach faoi choinne ábhar seandálaíochta a tochlaíodh le déanaí amhail imeanna portaigh agus earraí cré-umha meánaoiseacha. Díríodh an caomhnú leasúcháin go príomha ar réada a bhí le cur ar taispeáint sna taispeántais *Éire ag Athrú, Focail ar Farraige agus Crónán na mBeach*. Rinneadh caomhantas freisin ar chroí-bhailiúcháin agus tionscadail amhail Easnacha Báid Dhroichead Átha san Ionad Taighde ar Bhailiúcháin (CRC), gunna mór agus roth gunnacharáiste na hArmáide, agus cloig Bhinn Éadair atá le cur ar taispeáint i Sráid Chill Dara. Rinneadh caomhantas freisin ar thaispeántas airgid agus cré-earraí chun céad bliain de Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann a cheiliúradh.

Caomhnú Iniúchta

Is den ghnáthchleachtas é scrúdú, iniúchadh agus anailís eolaíoch a dhéanamh ar na bailiúcháin mar chuid de phróisis chaomhnaithe. Leantar de radagrafaíocht a dhéanamh ar chroíchnuasaigh agus den tseirbhís do chaomhnóirí príobháideacha seandálaíochta. Rinneadh anailís xrf (fluaraiseacht x-ghathach) ghnáthuil ar

shealbhúcháin nua agus ionchasacha in IAD chun comhdhéanamh agus barántúlacht a dheimhniú. Leanadh ar aghaidh le tionscadail taighde d'fhoilseachán agus tráchtas atá le teacht amach go luath: Cóimhiotail copair Iarannaoise, agus soithí luath-mheánaoise agus píosaí leicinn Dhroim Meánach. Rinneadh anailís freisin ar dhéantáin a roghnaíodh don taispeántas *Focail ar Farraige*.

Taispeántais agus iasachtaí

Ghlac foireann chaomhantais a phléann le Teicstílí, Páipéar, Troscán agus na hEalaíona Feidhmeacha páirt i bhforbairt an taispeántais agus i roghnú agus i bhfeistiú don taispeántas *Éire ag Athrú*. San áireamh sa taispeántas *Crónán na mBeach*, bhí iasacht thábhachtach ó Mhúsaem Gloine Corning, SAM; cartún Gobnait le Harry Clarke agus Gúna na mBeach le Alice Maher atá ar iasacht ó Mhúsaem Uladh. Rinneadh uasghrádú agus athfheistiú ar an taispeántas *Airgead*. Áiríodh le gníomhaíochtaí eile tabhairt ar iasacht boscaí saoirse airgid agus óir don taispeántas *The metal stamp'd by honest fame*, Caisleán Bhaile Átha Cliath agus tabhairt ar iasacht agus tabhairt ar ais déantáin Eitneagrafach, Músaem Cuimhneacháin an Chaptaein Cook, Whitby.

Obair allamuigh

Bhain an obair sin go príomha le hábhar seandálaíochta a aisghabháil agus le mion-thochailtí ó chomhthéacsanna éagsúla, go háirithe imeanna portaigh, déantáin adhmaid, earraí cré-umha meánaoiseacha agus taisí daonna a tógadh i mbloc. Ghlac an fhoireann chaomhantais páirt i gcuartheanna ar chuideachtaí seandálaíochta, ar mhúsaeim áitiúla agus chontae, ar ionaid oidhreachta agus ar Institiúidí Eorpacha chun déantáin, dálaí timpeallachta agus foirgnimh a mheasúnú agus a iniúchadh. Rinneadh iniúchtaí ar iasachtaí sna hArmlanna Ríoga, Leeds, i Leabharlann St, Gallen, an Eilvéis agus i Músaem an Chaptaein Cook, Whitby, áit ar tugadh iasacht fhadtéarma ar ais.

Tionscadal Caipitiúil Stair an Dúlra

Chuidigh Ceannasaí Caomhantais agus Coimeadaí Coisctheach AMÉ go mór le forbairt agus feidhmiú céimneach Thionscadal Caipitiúil Stair an Dúlra le linn na bliana 2024. Áiríodh leis sin seachtain oiliúna a ullmhú agus a sholáthar a forbraíodh go sainiúil d'fhoireann thionscadail Stair an Dúlra ag teacht isteach (agus earcaíodh baill foirne

chuig trí rannán - Stair an Dúlra, Clárú agus Caomhantas). Ó lár na bliana, chuaigh cúigear ball foirne eile leis an bhfoireann Caomhantais, agus ceathrar cúntóirí bailiúcháin chaomhantais ina measc, atá tiomnaithe do thionscadal caipitiúil Stair an Dúlra amháin. Le chéile, chuir a gcuid oibre go mór le haistriú réad ón gcéad urlár i Músaem Stair an Dúlra chuig stóras lasmuigh den láithreán agus cuireadh tús le haistriú réad ón mbunurlár sa bhliain 2024.

Taighde, Comhar, Rannpháirtíocht agus For-rochtain

Rinne foireann caomhantais modúil (Buntreoir maidir le cúram agus caomhnú bailiúchán, ullmhacht i gcomhair tubaistí, Solas, Truailliú, Caomhnú Imscrúdaitheach, Láimhseáil agus Pacáil), ceardlanna agus turais a sholáthar do mhic léinn MA i Staidéar Músaem COC. Chomh maith le bheith ina mbaill de roinnt fochoistí AMÉ (Sláinte agus Sábháilteacht, Fóram na Foirne, Éagsúlacht agus Comhionannas) sholáthair baill foirne turais freisin thart ar na saotharlanna Caomhnaithe don Phobal, cláir mhic léinn na hIdirbhliana agus institiúidí cultúrtha agus taighde eile.

Ghlac an fhoireann caomhantais páirt freisin i gceardlanna chun an ‘Straitéis um Chaomhnú agus Cúram na mBailiúchán’ agus teimpléid Bainistíochta Riosca a phlé agus a fhorbairt. D’fhreastail ball foirne ar roinnt cruinnithe agus d’eagraigh sé/sí turais ábhartha i gcomhar le haonad na Séadchomharthaí Náisiúnta Faoi Uisce chun straitéis Oidhreacht Cultúrtha Fomhuirí a cheapadh. Ghlac an fhoireann caomhantais páirt ghníomhach in iliomad cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineáir FGL ar líne. Ghlac an Ceann Caomhnaithe páirt i ngrúpa cúraim agus Caomhnaithe Bailiúchán an CNCI (Comhairle Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann) agus suíonn ár gCaomhnóir Páipéar ar bhord an ICRI (Institiúid na gCaomhnóirí-na nAthchóiritheoirí in Éirinn) agus d’eagraigh sé oiliúint ar líne in eolaíocht na polaiméire leis an Dr Rebecca Ploeger, aithint líocha leis an Dr Tracey Chaplin agus oiliúint ar an láthair sna meáin do choimeádaithe. Cuireadh tús le tionscadal taighde chun scanadh 3T a dhéanamh ar chomhpháirteanna uile scrín Loch Cinnéile i gcomhpháirtíocht leis an gClár Fionnachtana.

CLÁRÚ

Tá an rannóg Clárúcháin freagrach as caighdeáin bainistithe bailiúchán a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun sláine fhaisnéis na mbailiúchán a chinntiú. Tugann an fhoireann tús áite d'fhorbairt nósanna imeachta, rud a chinntíonn rialú suíomhanna, agus comhordú lóistíocht na mbailiúchán agus uasghráduithe ar stóras an mhúsaem.

Comhordaíonn an fhoireann clárúcháin clár iasachtaí Ard-Mhúsaem na hÉireann agus soláthraíonn sí tacaíocht taispeántas agus rochtain ar fhaisnéis faoi na bailiúcháin agus sonraí do thaighdeoirí trí thionscnaimh for-rochtana, foilsiú ar líne, turais ar chúl an stáitste, coinní taighde ar an láthair agus trí bhainistiú na gcatalóg réad, leabharlainne agus cartlainne, mar a chláraítear bailiúcháin agus a chuirtear feabhas ar shonraí go córasach. Bhí an táirgiúlacht ard le linn 2024, agus an fhoireann ag comhoibriú chun tacú le comhghleacaithe agus taighdeoirí chun seirbhís a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse inmheánacha agus seachtracha.

In 2024, d'oibrigh an Roinn Clárúcháin ar ullmhúchán na dtionscadal forbartha caipitil atá le teacht i Músaem Stair an Dúlra, Tor an Bhacaigh, Dún Uí Choileáin, An Daingean agus an CRC. D'oibrigh baill den Fhoireann Clárúcháin le comhghleacaithe i Stair an Dúlra agus i gCaomhnú chun réada a aistriú ó shuíomh Shráid Mhuirfean go dtí an CRC. Rinne Bainisteoir Tionscadail an CRC stóras mór réad an CRC a atheagrú, ag baint úsáid as trealamh RE:ORG chun stóráil shábháilte agus acmhainn mhéadaithe do bháid thraidisiúnta a chinntiú, chun tacú le hoscailt Ghailearaí na mBád Traidisiúnta in 2026. Lean an Fhoireann Clárúcháin ag obair ar roinnt tionscadal i mbliana, lena n-áirítear bainistíocht fardail bailiúchán atá stóráilte san uaimh i Sráid Chill Dara agus fardal Bhailiúchán Mianraí COBÁC ag an CRC agus i dTor an Bhacaigh.

Stiúir an Fhoireann Clárúcháin soláthar comhaontaithe creata nua le haghaidh stóráil bailiúchán, láimhseáil ealaíne agus seirbhísí lóistíochta, ag obair i gcomhar le comhghleacaithe sa rannóg Airgeadais agus Soláthair. Tugadh faoi phróiseas soláthair freisin chun tionscadal pleanála straitéisí a fhorbairt don Rannóg Clárúcháin in 2025.

Ceapadh an Cláraitheoir mar chomhordaitheoir ar feidhm chothabhála na n-iarratas ar chreidiúnú MSPI a chuirfidh iarratais fhoirmiúla thar ceann Dhún Uí Choileáin, Pháirc

Thurlaigh agus láithreáin Ionad Acmhainní na mBailiúchán isteach i mí Dheireadh Fómhair 2025. Ceapadh an Cláraitheoir mar Bhainisteoir ar An Daingean freisin agus tá sé ag obair le comhghleacaithe chun uasghráduithe stórála bailiúcháin a chur in ord tosaíochta, acmhainn stórála a mhéadú agus tacú le clár dí-fhorshealbhaithe.

Ag an am céanna a bhí aistriú agus Fardal ar siúl, leanadh le doiciméadú gach bailiúcháin de chuid AMÉ. Mar chuid de phríomh-obair na Rannóige Clárúcháin, dhírigh an Doiciméadú Ealaíne agus Tionscail ar athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar iasachtaí agus réitíodh roinnt iasachtaí stairiúla agus uimhreacha sealadacha. Rinneadh iniúchadh suíomhanna iar-aistrithe ar Aistriú an Bhloc Thuaidh in éineacht le comhghleacaithe in AID agus Caomhnú, rud a raibh seilfeanna nua agus pleananna le haghaidh tionscadal catalógaithe iomláine ar Uirlisí Eolaíochta mar thoradh air. Tá seilfeanna nua pleanáilte freisin don spás sa Bhloc Thuaidh agus don Stóras Infheicthe. D'oibrigh an fhoireann ar thionscadail chun uimhreacha sealadacha a réiteach agus chun teasáras uathúil a thógáil in Axiell. Chomhordaigh an fhoireann foilsíú 11 alt bhlag *Registration Corner* thar ceann na rannóige. Chomh maith le fardal Sheaniarsmaí na hÉireann a bhainistiú, d'oibrigh an fhoireann le comhghleacaithe coimeádta agus caomhnaithe ar phleanáil don taispeánta *Focail ar Farraige: Éire agus St Gallen in Eoraip na Luath-Mheánaoise* ag bainistiú áis iasachta ó Mhúsaem Cuimhneacháin Capital Cook agus ar phróiseáil roinnt teistíochtaí isteach sa CRC. Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2024 maidir le hiasachtaí isteach agus amach, iasachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta:

Iasachtaí a próiseáladh in 2024:

Rannán Ard-Mhúsaem na hÉireann	Éire	Idirnáisiúnta (Tuaisceart Éireann san áireamh)
Ealaín agus Tionsclaíocht	28	4
Seaniarsmaí na hÉireann	47	23

Béaloideas na hÉireann	6	1
Stair an Dúlra	1	1

Sholáthair an Cartlannaí agus an Leabharlannaí seirbhís taighde d'fhoireann AMÉ, lena n-áirítear orduithe leabhar, ceannacháin chartlainne agus leabharlainne. D'athnuaigh an Leabharlannaí síntiúis/ ballraíocht irisí, iasachtaí Idirleabharlainne agus lean sé/sí leis an mbailiúchán leabharlainne agus spásanna leabharlainne a fhorbairt. Rinneadh leabharlann George Eogan a chatalógú agus d'oibrigh an leabharlannaí le comhghleacaithe i Rannán Sheaniarsmaí na hÉireann agus i nDearadh agus Grianghrafadóireacht chun leabharshuaitheantas a dhearadh don bhailiúchán.

Bhunaigh an Cartlannaí clár aistrithe agus aontachais agus tá riaráiste taifead neamhreacha glanta aige ó Dhún Uí Choileáin. Rinne an Cartlannaí páipéir Ann Scrupe a chatalógú agus tá ionchur aige/aici i Meitheal na Staire ó Bhéil de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann. D'oibrigh an Cartlannaí agus an Leabharlannaí araon ar bhailiúcháin a aistriú ó na spásanna áiléir i dTeach Pháirc Thurlaigh agus Tor an Bhacaigh chun tacú le forbairt chaipitil spásanna sa teach. Rinneadh na bailiúcháin sin a athlonnú agus tá siad liostaithe ar bhogearraí bainistíochta bhailiúcháin Axiell.

Chuir an fhoireann Clárúcháin oiliúint agus tacaíocht Axiell ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na rannóg agus chuir an fhoireann ceardlanna oiliúna ar líne ar fáil. Chuir an Rannóg Clárúcháin modúl ar fáil ar Chlár Idirbhliana Ard-Mhúsaem na hÉireann agus do mhic léinn atá i mbun MA i Staidéar Músaeim in COC. Lena chois sin, sholáthair an fhoireann clárúcháin cainteanna ag réimse imeachtaí comhdhála, ollscoile agus institiúidí cultúrtha eile, chuir siad oiliúint agus ceardlanna ar fáil agus d'fhreastail siad ar oiliúint i réimse réimsí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, Comhdháil Eorpach na gCláraitheoirí, Bainistíocht Tubaistí, Axiell, Oracle, Bailiúcháin a Bhogadh, Cruinniú Mullaigh na Músaem Glas, imeachtaí oiliúna stórála agus inbhuanaitheachta ICOM agus NEMO.

Bhí ríméad ar an bhFoireann Clárúcháin cur le hathbhunú Ghrúpa Cláraitheoirí na hÉireann (GCÉ).

Leanann an fhoireann le páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus i gcumainn agus comhlachais éagsúla agus ag cur leo.

DEARADH AGUS GRIANGHRAFADÓIREACHT

Cuireann an Rannóg Deartha agus Grianghrafadóireachta seirbhísí deartha chruthaithigh agus grianghrafadóireachta cruthaithí ar fáil ar i gceithre láithreán an Ard-Mhúsaeim. Áirítear leis an obair a dhéanann an rannóg tacaíocht taispeántais, dearadh le haghaidh cló agus digiteach, léaráidí seandálaíochta, léarscáileanna, grianghrafadóireacht nua de bhailiúcháin agus taispeántais, ullmhú agus dáileadh íomhánna chomh maith le bainistíocht an Chórais Bainistíochta Sócmhainní Digiteacha agus Cartlann Íomhánna Grianghrafadóireachta Digití.

Taispeántais

Chuir an lucht Deartha agus an lucht Grianghrafadóireachta tacaíocht shuntasach taispeántais ar fáil i gcomhair roinnt taispeántais reatha agus taispeántais atá le teacht. Áiríodh leis sin soláthar deartha, comhairle maidir le brandáil, dearadh leagan amach taispeántas agus comhthaobhacht mhargaíochta taispeántas, lena n-áirítear: nuashonrú ar Ghailearaí Ealaíne Áiseach *Albert Bender, Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnámhseacha Pobail*. agus *Focail ar Farraige: Éire agus St Gallen san Eoraip sa Luath-Mheánaois*.

Dearadh Priontála agus Gréasáin

Rinneadh an obair dheartha seo a leanas:

Leabhráin Gníomhaíochta Oideachais

Grafaic thaispeána Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann

Dearadh póstaer, bileog agus scáileáin dhigitigh Fhéile Pádraig

Dearaí cur chun cinn do chomóradh na Cé Adhmaid

Dearaí cur chun cinn chluichí Thailtean

Imeachtaí míosúla oideachais, deartha dhigití agus cló

Grafaic amlíne na Clochaoise go dtí an Mheánaois

Dearadh cártaí leideanna ‘Changemakers’ an Mhúsaeim

Grafaicí taispeántais do sheastán an Mhúsaeim ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta

Treabhadóireachta

Lipéid taispeántais *Nest of War* do Stair an Dúlra

Meirgí lasmuigh le brandáil an mhúsaeim

Dearadh earraí marthanacha Harry Clarke

Dearaí cur i láthair do rannóga inmheánacha an Mhúsaeim

Tionscadal Athnuachana Branda agus Féiniúlachta

Chomhoibrigh an Roinn Deartha agus Grianghrafadóireachta go dlúth leis an gcomhlacht deartha branda Zero-G ar an tionscadal chun branda agus amharc-aithne an Mhúsaeim a athnuachan. Agus an rannóg ag gníomhú mar nasc ríthábhachtach idir na dearthóirí agus an Músaem, thacaigh sí leis an bpróiseas deartha trí fhaisnéis riachtanach, ábhar deartha agus grianghrafadóireachta, agus treoir a sholáthar de réir mar ba ghá. Garsprioc shuntasach i bhforbairt an tionscadail ba ea seoladh an bhranda agus na hamharc-aithne athnuaite do fhoireann an Mhúsaeim i mí Mheán Fómhair 2024.

Foilseacháin

Rinneadh obair dheartha don fhoilseachán *Easter Week 1916: Ordinary People, Extraordinary Stories*. Tugadh tacaíocht freisin do roinnt foilseachán a bhí á bhforbairt, lena n-áirítear *Irish Art Pottery*, foilseachán ar Chailís Ardach, agus an foilseachán eitneagrafaíoch *Entangled Histories*.

Léaráidí, Pleananna, Léarscáileanna agus Líníochtaí Láithreán Seandálaíochta

Rinneadh iarratais ar íomhánna ón gcartlann agus cuireadh ar fáil d'fhoilseacháin iad. Rinneadh scanadh ar íomhánna le haghaidh taifid roinne agus le haghaidh taispeántais amach anseo. Soláthraíodh léaráidí de bhonn Chnoc Ghráinseach Chúil Phobail agus de bhróiste Bhaile Uí Spealáin le haghaidh grafaicí léirmhínitheacha taispeántais. Rinneadh saothar léaráidí le haghaidh foilseacháin atá le teacht ar Chailís Ardach. Soláthraíodh léarscáileanna don fhoilseachán *Entangled Histories*.

Fáil Trealamh

Fuarthas trealamh nua grianghrafadóireachta freisin d'fhonn an tseirbhís grianghrafadóireachta a leathnú amach chuig Rannóga/Rannáin éagsúla an Mhúsaeim.

Grianghrafadóireacht:

Bhí bliain ghnóthach eile ag an lucht grianghrafadóireachta, agus breis agus 100 seisiún grianghrafadóireachta ar siúl, lena n-áirítear na cinn ónár ngrianghrafadóir inmheánach agus freisin trí sheirbhísí grianghrafadóireachta a fuarthas ónár gcreat grianghrafadóireachta reatha. Áiríodh leis sin iarratais chun grianghraif a ghlacadh i gContae Chorcaí agus i gContae Chiarraí. Mar thoradh air seo, glacadh grianghraif de 900 earra agus soláthraíodh os cionn 3000 grianghraf.

Tugadh faoi thionscadail ghrianghrafadóireachta le haghaidh taispeántais inmheánacha agus sheachtracha agus le haghaidh obair ar bhailiúcháin inmheánacha. Áiríodh leo sin grianghrafadóireacht le haghaidh *Éire ag Athrú, Focail ar Farraige: Éire agus St Gallen in Eoraip na Luath-Mheánaoise*, *Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail*, Bailiúchán eitneagrafach, Bailiúcháin láimhseála oideachais. Réada ar glacadh grianghraif dóibh do stampaí An Post, Gloine Dhaite, Séipéal Uí Eoghanáin, Contae Chorcaí agus do SIGNIFY Natural History, Hong Cong.

Iarratais ar Íomhánna, Dáileadh, agus Cartlannú Íomhánna Digiteacha

Ó na seisiúin ghrianghrafadóireachta a bhí ar siúl in 2024, cartlannaíodh 2,786 íomhá agus tá siad ar fáil in DAMS. Tháinig méadú 32% ar líon na n-íomhánna a barrfheabhsaíodh, a ullmhaíodh agus a aischuireadh in 2024, 11,170 íomhá ar an iomlán ó 616 iarratas. I measc na mbuaicphointí bhí grianghrafadóireacht le haghaidh taispeántas agus foilseachán comhfhreagrach *Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail agus Focail ar Farraige: Éire agus St Gallen in Eoraip na Luath-Mheánaoise*, taispeántas *Éire ag Athrú* agus taispeántas *Harry Clarke*.

I measc na dtionscadal eile a rinneadh bhí obair i gcomhair thionscadal bailiúcháin ar líne an Mhúsaeim agus córas nua a fhorbairt chun sleamhnáin ar laindéir ghloine a ghabháil go digiteach. Cuireadh oiliúint ar fáil do shé úsáideoir nua maidir le bunghnéithe bhogearraí DAMS agus eagrú na cartlainne grianghrafadóireachta digití.

Clár na hIdirbhliana

Tháinig an fhoireann Deartha agus Grianghrafadóireachta le chéile chun páirt a ghlacadh i gclár idirbhliana seachtaine an Mhúsaeim i mí Feabhra 2024. Reáchtáladh

seisiúin sa stiúideo deartha agus sa stiúideo grianghrafadóireachta i nDún Uí Choileáin. Tugadh léargas do na scoláirí ar an dóigh a n-úsáidtear dearadh chun eispéiris mhúsaeim spésiúla a chruthú agus na disciplíní cruthaitheacha éagsúla a úsáideann músaeim lena mbailiúcháin a thaispeáint a oireann do lucht féachana leathan. Bhí deis ag na scoláirí foghlaim faoi ról na grianghrafadóireachta i ndoiciméadú bailiúcháin agus taispeántas Músaeim, agus conas is féidir í a úsáid chun lucht féachana a mhealladh.

Taighde agus Oiliúint

D'fhreastail an fhoireann Deartha agus Grianghrafadóireachta ar roinnt mhaith seimineáir ghréasáin, ceardlanna oiliúna agus ceardlanna pleanála straitéisí.

D'fhreastail ball den fhoireann Deartha ar chúrsa ar Dhearadh Taispeántas a reáchtáil Node Center agus chuir sé/sí tús le cúrsa Ceannaireachta agus Bainistíochta Deartha freisin. Mar aon leis an bhfoireann tionscadal taispeántas, thug ball den fhoireann Deartha cuairt ar an Stiftsbibliothek in St. Gallen, an Eilvéis le haghaidh taighde agus obair ullmhúcháin don taispeántas *Focail ar Farraige*, atá le hoscailt in 2025.

D'fhreastail baill foirne ón rannóg Deartha agus Grianghrafadóireacht ar cheardlanna idirghníomhaithe branda agus scéalaíochta mar chuid de thionscadal athnuachana branda agus aitheantais an Mhúsaeim freisin.

OIDEACHAS AGUS FOGHLAIM

Tá Rannóg Foghlama agus Rannpháirtíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann tiomanta dá misean daoine a nascadh le hoidhreacht shaibhir chultúrtha agus nádúrtha na hÉireann trí chlár chuimsitheacha, inrochtana agus nuálacha. In 2024, mhéadaíomar ár rannpháirtíocht le scoileanna, teaghlaigh agus pobail, leathnaíomar ár dtairiscintí digiteacha agus ár dtairiscintí ar an láthair, agus d'oibríomar chun naisc fhiúntacha a chruthú idir ár mbailiúcháin agus ár lucht féachana.

Trí thionscnaimh amhail an Chlár um Bunathrú chun Feabhais maidir le Cuaireoirí, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le hinrochtaineacht a fheabhsú, sreabhadh na gcuaireoirí a fheabhsú, rannpháirtíocht dhigiteach a leathnú, agus ár dtuiscint ar riachtanais an lucht féachana a neartú. Trí acmhainní oiriúntach do na céadfaí, oscailt dhéanach san oíche, feabhsuithe ar an suíomh gréasáin, agus taighde ar an lucht féachana a thabhairt isteach i mBaile Átha Cliath 7 agus Baile Átha Cliath 8, léirítear ár dtiomantas chun an Músaem a dhéanamh ina spás oscailte agus fáilteach do chách.

Is léiriú é fás Líonra Cartlann Phobal na hÉireann (iCAN) ar ár dtacaíocht leanúnach do chaomhnú oidhreachta faoi stiúir an phobail, rud a chumhachtaíonn grúpaí áitiúla chun a stair a dhoiciméadú, a roinnt agus a cheiliúradh ar bhealaí nua dinimiciúla. Idir an dá linn, lean ár scoileanna agus ár gclár phoiblí ag déanamh go maith, rud a chinntigh go bhféadfadh foghlaimeoirí de gach aois bheith ag plé le stair na hÉireann ar bhealaí fiúntacha, oideachasúla agus spreagúla.

In 2024, chuir an rannóg fáilte roimh 118,400 cuairteoir chuig 2142 imeacht.

Taispeántas agus Cláreagrú Poiblí

- Reáchtáil an Rannóg an taispeántas *Is Muid Údair ár Scéalta Féin* (Feabhra-Lúnasa 2024) mar aon le himeachtaí poiblí gaolmhara, lena n-áirítear sraith ceardlann 'Changemakers' do bhreis agus 500 mac léinn. (Dún Uí Choileáin).
- Mar chuid de Thionscadal Lámhscríbhinní Scoileanna St Gallen, forbraíodh tionscnamh oideachais traschultúrtha le mic léinn ó Éirinn agus ón Eilvéis, inar

comhtháthaíodh callagrafaíocht, seandálaíocht agus eolaíocht. Ghlac 90 rannpháirtí díreach páirt ann agus bhí tionchar aige ar os cionn 150 duine eile. (Sráid Chill Dara).

- Cothrom 50 Bliain na Cé Admhaid. Sraith cúig imeacht suntasach ar ar fhreastail 358 duine, ina raibh seandálaithe, coimeádaithe, agus scoláirí idirnáisiúnta páirteach. (Sráid Chill Dara).
- Reáchtáladh Lá Teaghlaigh Lochlannach i mBaile na Coille, Port Láirge agus ceardlann de chuid Chumann na gCláirseach Stairiúil, agus baineadh breis agus 900 rannpháirtí amach. (Sráid Chill Dara)
- Reáchtáladh Lá Teaghlaigh Lochlannach i mBaile na Coille, Port Láirge agus ceardlann de chuid Chumann na gCláirseach Stairiúil, agus baineadh breis agus 900 rannpháirtí amach. (Sráid Chill Dara)
- Cruthaíodh trí script turas fuaime théamúla don taispeántas *Éire ag Athrú*, rud a threisigh rannpháirtíocht na gcuairteoirí. (Dún Uí Choileáin).
- Spreag Ceardlanna ‘Bumbly Wings & Crawly Things’ (nasctha leis an taispeántas *Crónán na mBeach*) suiteálacha ealaíne faoi stiúir mic léinn (Páirc Thurlaigh).
- Leathnaíodh an clár *Wonder Cabinet* chun turais ISL agus imeachtaí oiriúntach don néara-éagsúlacht a chur san áireamh, rud a mheall 3,356 cuairteoir. (Sráid Mhuirfean).

Rannpháirtíocht agus Comhoibriú Pobail

- Chuathas i gcomhpháirtíocht le ‘Fighting Words’ ar an tionscadal *Éire ag Athrú*, *Scéalta ag Athrú*, ag tacú le Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus Ionad Acmhainní Fatima maidir le scéalta scríofa agus fuaime a chruthú don taispeántas *Éire ag Athrú* atá le teacht. (Dún Uí Choileáin).
- Chuathas i gcomhpháirtíocht le COC, Coláiste na Tríonóide, Leabharlann na Comhdhála, agus an Clár Fionnachtana chun seandálaíocht a iniúchadh tríd an eolaíocht, rud a mheall 7,158 cuairteoir. (Sráid Chill Dara).
- Bhí na céadta teaghlach páirteach i gceardlanna ceardaíochta, tóraíocht taisce agus seisiúin scéalaíochta i gcomhar le Scuid Ealaíon Mhaigh Eo agus

Margaíocht mar chuid d'imeachtaí Oíche Shamhna agus féilteúla. (Páirc Thurlaigh).

- I dtionscadal M.Ed Drámaíochta agus Athléimneachta le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, rinneadh iniúchadh ar mhodheolaíochtaí teagaisc feidhmíochtúla. (Páirc Thurlaigh).
- Forbraíodh cúig chonair treodóireachta nua, lena n-áirítear cosán inrochtaineachta, le OTA Chaisleán an Bharraigh agus an aip loingseoireachta digití MAPRUN.
- Chuathas i gcomhpháirtíocht le Tarrtháil Fiadhúlra Chill Dara agus Féile Eolaíochta an Láir Tíre le haghaidh cláir bhithéagsúlachta agus chaomhnaithe. (Sráid Mhuirfean).
- Reáchtáladh 69 turas scoile ar an láthair (1,727 scoláire) sular dúnadh é le haghaidh athfhorbartha, agus reáchtáladh 27 ceardlann ar líne (648 scoláire) ina dhiaidh sin. (Sráid Mhuirfean).

Oideachas agus Scoileanna

- Forbraíodh Clár Idirbhliana do 20 scoláire, inar soláthraíodh taithí phraiticiúil ar ghairm bheatha i músaeim.
- Rinneadh méadú 20% ar thurais scoile treoraithe, agus 4,500 scoláire ag glacadh páirt i gceardlanna Stair na hEalaíne Éireannaí don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht. (Sráid Chill Dara).
- Cruthaíodh Acmhainní Físe Reelist, uirlis foghlama staire agus béaloidis ar líne do scoláirí na bunscoile. (Páirc Thurlaigh).

Gréasán Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN)

Bliain iontach ba ea 2024 do iCAN, bliain lenar bhain grúpaí nua, cartlanna agus comhpháirtíochtaí údarás áitiúil. Le iCAN, tugtar cumhacht do phobail a n-oidhreacht a chaomhnú agus a roinnt trí chartlanna, imeachtaí agus taispeántais digiteacha agus fisiceacha.

Príomhéachtaí:

- Seoladh dhá phríomhfhoilseachán:
 - Treoir Staire Áitiúil (Bealtaine 2024) ag cruinniú bliantúil ar an láthair de bhreis agus 90.
 - Treoir maidir le Pleanáil Chomharbais (Iúil 2024) le haghaidh eagraíochtaí oidhreachta.
- An chéad taispeántas bunaithe ar réada:
 - *Mary Anne Fanning: Ag cuimhneamh ar ár gCnáimhseacha Pobail* (Deireadh Fómhair 2024)) ina raibh 22 ghrúpa iCAN rannpháirteach agus a mheall 150 aoi, rud a raibh méadú 71% ar líon na gcuariteoirí ar Pháirc Thurlaigh mar thoradh air.
- Rannpháirtíocht leathnaithe oibrithe deonacha dhigiteach:
 - rinneadh os cionn 300 oibrí deonach 46 chartlann dhigiteach a chaomhnú.
 - Ghlac 1,071 oibrí deonach páirt in oiliúint agus i gcruinnithe iCAN.
 - D'fhreastail 1,840 duine ar chainteanna agus ar imeachtaí iCAN.
 - Thug 2.2 milliún cuairteoir ar chartlanna digiteacha iCAN.
 - 8.1 milliún amharc leathanaigh ar fud an líonra.

Clár um Bunathrú chun Feabhais maidir le Cuairteoirí

Leis an gClár Bunathrú chun Feabhais maidir le Cuairteoirí, táthar ag athmhúnlú eispéireas an chuairteoir i ngach láithreán de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann. Áirítear leis na príomhéachtaí:

- Inrochtaineacht a fheabhsú: Chuathas i gcomhpháirtíocht le AsIAM, Carthanas Uathachais na hÉireann, cuireadh tús leis an bpróiseas chun creidiúnú a bhaint amach i dtrí láithreán trí acmhainní oiriúntach do na céadfaí agus oiliúint foirne a thabhairt isteach. Méadaíomar freisin líon na dTuras le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann inár láithreáin.
- Mar chuid de thiomantas AMÉ do chlár oibre an Rialtais maidir leis an nGeilleagar Oíche, thugamar isteach oscailt dhéanach san oíche sa samhraidh inár láithreáin i mBaile Átha Cliath.

- Bogadh amach Painéal Neamhspleách Treoraithe chuig Samhail Soláthraí Seirbhísí.
- Rinneadh iniúchadh cuimsitheach ar shuíomh gréasáin an Mhúsaeim chun comhsheasmhacht agus cruinneas a chinntiú.
- Tugadh isteach Céim 1 den Chóras Áirithintí Digiteacha le tabhairt isteach áirithintí ar líne do thurais scoile neamhthreoraithe.
- Rinneadh taighde ar an lucht féachana ar Chlár Poiblí AMÉ. I bhfianaise thiomantas straitéiseach an Mhúsaeim do rannpháirtíocht an phobail, cuireadh fócas ar leith ar thaighde ar an lucht féachana do na pobail a chónaíonn i mBaile Átha Cliath 7 agus i mBaile Átha Cliath 8.

OIBRÍOCHTAÍ

AIRGEADAS

Is é seo a leanas leithdháileadh 2024 a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGS&M):

Pá:	€11,057,000
Pinsean	€857,000
Neamhphá	€5,884,000
Iomlán Reatha	€17,798,000
Caipiteal	€1,308,000
Leithdháileadh	€19,106,000
Iomlán	

Bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán suimeanna de **€3,555,621** ar an iomlán orainn i rith na bliana 2024 le haghaidh cuspóirí ar leith. Rinneadh caiteachas sócmhainní seasta **€242,735** a chaipitliú.

Lean an tAonad Airgeadais le cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do Choiste um Rialachas, Iniúchóireacht agus Riosca an Bhoird maidir lena fheidhmeanna iniúchóireachta a chomhlíonadh.

Ráitis Airgeadais 2024

D'ullmhaigh an tAonad na Ráitis Airgeadais le haghaidh 2024 agus an comhad iniúchta a ghabhann leo ag tús na bliana 2025. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais le haghaidh 2024 le linn Márta -Bealtaine 2025.

Ullmhaíodh cuntais Ard-Mhúsaem na hÉireann i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le ceanglais Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus tá siad san áireamh sa tuarascáil seo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102 an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an

gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais 2024 i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Soláthar

Tá an tAonad freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair maidir le gach ceannachán a fuarthas sa tír seo agus ón AE. Chun na críche sin, leanann Ard-Mhúsaem na hÉireann ag cur le saineolas inmheánach i réimse an tsoláthair.

Bíonn an tAonad i gcónaí ag iarraidh oibríochtaí a dhéanamh níos éifeachtaí, baineann siad leas as teicneolaíochtaí nua nuair a bhíonn an t-airgead acu agus cuireann siad moltaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ón Iniúchóir Inmheánach i bhfeidhm, chun sláine an Aonaid agus a fheidhm a chinntiú.

Déantar pleananna gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil, agus déantar monatóireacht rialta ar an teacht isteach agus ar na costais ar fad i rith na bliana.

ACMHAINNÍ DAONNA

In 2024 lean an Rannóg Acmhainní Daonna le réimse leathan seirbhísí a sholáthar chun tacú leis na hoibríochtaí laethúla i láithreáin uile Ard-Mhúsaem na hÉireann agus chun cur le forbairtí straitéiseacha ar leibhéal an choiste bainistíochta agus lucht an ardbhainistíochta.

Earcú agus Roghnú

Bhí earcú ball foirne chun folúntais a líonadh agus chun poist nua a fhostú ina thosaíocht ard i gcónaí don Roinn AD. Bhí na leibhéil ghníomhaíochta fós ard. A bhuí le forbairt leanúnach rannóige Earcaíochta, éascaíodh cur chun feidhm Beartas agus nósanna imeachta Earcaíochta an-ghairmiúil, rud a fhágann go bhfuil Ard-Mhúsaem na hÉireann ábalta méadú mór a dhéanamh ar an líon daoine a earcaítear.

Bhí tríocha a trí tosaitheoir nua agus sé ardú céime inmheánach ann le linn na bliana, agus mar thoradh air sin, reáchtáladh níos mó ná daichead comórtas earcaíochta chun poist a líonadh do Thionscadal Caipitil Stair an Dúlra, Oideachas, Acmhainní Daonna, Miondíol, Seaniarsmaí na hÉireann, Ealaín agus Tionsclaíocht, Airgeadas agus Soláthar, Saol Tíre na hÉireann, Dearadh, Áiseanna agus Clárú. Chuir baill foirne in Acmhainní Daonna, bainisteoirí líne agus an fhoireann i rannóga eile na gníomhaíochtaí ionduchtaithe i gcrích de réir mar ba ghá.

Tá an cumas déileáil leis an ualach oibre sin ina chumasóir rithabhachtach chun tacú le soláthar AMÉ maidir le forbairtí agus tionscadal nua.

Próisis riaracháin agus phárolla AD

Mar gheall go ndéantar próisis phárolla agus riaracháin AD Ard-Mhúsaem na hÉireann a sheachfhoinsíú chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), tá an comhéadan idir acmhainní daonna AMÉ, ONSC, bainisteoirí líne, fostaithe agus roinn Airgeadais AMÉ ina fheidhm riachtanach agus tá rannóg próisis/fiosruithe AD forbartha againn ina bhfuil go leor nósanna imeachta agus próiseas cuíchóirithe. Le líon follasach méadaithe fostaithe, agus ardú céime/idirbhearta inmheánacha, cruthaítear obair bhreise sa rannóg seo agus tá go leor saincheisteanna oidhreacht ann i ndiaidh covid a tháinig chun cinn agus a réitíodh go rathúil. Bhí dúshlán shuntasacha roimh sholáthar Seirbhísí Comhroinnte go ginearálta mar gheall ar chailliúint ball foirne ag a raibh taithí agus tá go leor bearnaí agus easnaimh i seirbhís ONSC d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, ach tá infheictheacht níos fearr ar idirbhearta atá á bpróiseáil, agus 'rianú' láidir ar na cásanna a ardaíodh cinntithe ag an bhfoireann tiomnaithe in AD, rud a éascaíonn obair leantach níos fearr agus cuntasacht chuí maidir le saincheisteanna a réiteach.

Foghlaim agus Forbairt / Forbairt Eagraíochtúil

In 2024, chomhordaigh Acmhainní Daonna foghlaim agus forbairt ar líne agus ar an láthair, faoi scáth leathan na dteideal seo: oiliúint éigeantach, forbairt ghairmiúil agus phearsanta, mar aon le hoiliúint a chomhordú ar fud na heagraíochta agus tacú le hiarratais oiliúna sainaitheanta faoin scéim Aisíocaíochta Táillí. Bhain seachtar ball foirne leas as an Scéim Aisíocaíochta Táillí in 2024.

Tá AD ábalta ról lárnach a bheith aige anois i dtaca le Bainistíocht AMÉ chun soláthar rathúil um Athrú ó Bhonn Daoine agus Cultúir a threorú, rud atá riachtanach chun forbairt mar eagraíocht ardfheidhmiúcháin agus chun an misean maidir le músaem cuimsitheach, comhaimseartha a chruthú a chomhlíonadh.

Thacaigh lucht ardbhainistíochta AMÉ i gcomhar le AD le hobair le comhairleoirí seachtracha Bainistíochta Athraithe/Ceannaireachta maidir le próisis rannpháirteacha agus clár chomhdheartha/saincheaptha a chur chun feidhme agus d'urraigh siad an obair sin. Bhí réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar siúl, lena n-áirítear obair forbartha foirne le rannóga sonracha, cóitseáil/meantóireacht aonair, ceardlanna forbartha ceannaireachta leis an gcoiste bainistíochta, spásanna foghlama machnaimh/gníomhaíochta chomh maith le tionscnaimh rannpháirtíochta foirne ag tosú leis an Rannóg Saoráidí, i.e. Clár Oibre ón Urlár. Soláthraíonn an fhoireann thrasfheidhmiúil agus il-leibhéil atá páirteach go dtí seo léargas agus foghlaim luachmhar faoi na comhpháirteanna féideartha de chlár um athrú ó bhonn ar fud na heagraíochta agus faoi pháirtithe leasmhara rithabhachtacha go himmheánach agus go seachtrach.

Caidreamh Fostaithe/Caidreamh Tionsclaíoch/Folláine na mBall Foirne

Tá próisis inmheánacha chuíchóirithe ag an Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin chun tuairisceáin rialta a chur isteach chuig an rannóg i leith Uimhreacha Seirbhíse Poiblí, daonáireamh Míchumais srl. Tá próiseas cuíchóirithe ann freisin chun an teimpléad ceadaithe DS agus Cásanna Gnó a chomhlánú agus chun Plean Lucht Saothair cothrom le dáta a choinneáil ar bun.

Leanadh leis an obair ar bheartais agus nósanna imeachta AD a nuashonrú agus áiríodh leis dréachtú agus idirbheartaíocht na mbeartas nua seo a leanas: Beartas maidir le hObair Chumaisc, Beartas maidir le Fostaíocht Daoine faoi Mhíchumas, Beartas maidir le hInscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Feidhmíonn an roinn AD anois mar fhoinsé láidir comhairle agus tacaíochta don lucht ardbhainistíochta, do cheannairí roinne, agus do bhainisteoirí líne eile ar réimse leathan cúrsaí bainistíochta daoine agus caidrimh le fostaithe.

Déileáiltear le formhór an Chaidrimh Thionsclaíoch go himmheánach agus tá an caidreamh laethúil le maoir cheardlainne áitiúla agus leis an Oifigeach Forsa sláintiúil agus cuiditheach den chuid is mó. Táimid ag obair i dtreo clár oibre níos forásaí do chomhairle músaem agus tá socruithe athbhreithnithe comhaontaithe, lena n-áirítear cruinnithe a laghdú go trí cinn in aghaidh na bliana.

Bainistíocht Straitéiseach AD agus Forbairt Lucht Saothair AMÉ a Sheasfaidh an Aimsir

Tá lucht saothair Ard-Mhúsaem na hÉireann ag athrú go gasta, tá líon suntasach 'earcaithe nua' ann agus táthar ag súil le Rannóg AD réamhghníomhach a chuireann le cultúr dearfach san ionad oibre. Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag scrúdú na mbealaí is fearr ar bhonn straitéiseach chun tacú le hacmhainní breise chun go gcuirfear níos mó béim ar fhorbairt eagraíochtúil agus ar bhainistíocht straitéiseach AD.

D'athraigh an rannóg AD an fócas i dtreo seirbhís AD ghairmiúil atá bunaithe ar an dea-chleachtas a sholáthar do bhaill foirne agus do bhainisteoirí in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá meon feabhsúcháin leanúnaigh ann, agus aidhm go mbeidh éifeachtúlacht fheabhsaithe i bpróisis oibríochtúla AD. Braitheann forbairt/feabhsú AMÉ amach anseo go mór ar lánacmhainneacht ár mball foirne a fhorbairt/a bhaint amach. Tá Bord agus Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann breá-ábaltá agus tá fonn orthu tionchar a imirt ar chlár oibre forbartha 'forais chultúrtha bailithe níos leithne', agus a impí ar mhaoinitheoirí/an rialtas maoiniú níos inbhuanaithe agus níos leanúnaí a fháil chun tacú le cur chuige nua-aimseartha 'Straitéise Daoine' i leith pleanáil agus forbairt lucht saothair.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Oibríonn an tAonad Gnóthaí Corparáideacha go dlúth le hOifig an Stiúrthóra, Rialachas an Bhoird, Fochoiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird, Acmhainní Daonna, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile lena chinntiú go bhfuil Ard-Mhúsaem na hÉireann comhlíontach go hiomlán maidir le gach freagracht agus oibleagáid reachtach mar Chomhlacht earnála phoiblí.

Rialachas Corparáideach

Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar go leor doiciméad beartais agus reachtach le linn na bliana lena n-áirítear an Chairt Custaiméirí agus Scéim um Shaoráil Faisnéise.

Eitic in Oifig Phoiblí

Chloígh baill foirne a raibh post fostaíochta ainmnithe acu agus Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann leis na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001.

Bainistíocht Riosca

Rinneadh athbhreithniú ar chreat Bainistíochta Riosca AMÉ de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 in 2024. Bhí ceardlanna riosca ráithiúla ar siúl leis an bhFoireann Shinsearach Riosca agus rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an gClár Riosca Corparáideach, agus tugadh nuashonruithe rialta don Choiste Rialachais, Iniúcháireachta agus Riosca.

Iniúcháireacht Inmheánach

I ndiaidh clár soláthair rathúil, cuireadh tús le seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí nua in 2024. Comhaontaíodh Plean Iniúcháireachta Inmheánaí 2024-2026 leis an gCoiste Rialachais, Iniúcháireachta agus Riosca. Cuireadh tús leis an athbhreithniú éigeantach ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh i mí na Nollag 2024 agus shínigh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Rialachais é i mí Feabhra 2025. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Rialachas ag deireadh 2024 freisin agus lean sé ar aghaidh go dtí 2025. Leanadh leis na moltaí ó athbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaí roimhe seo a chur i bhfeidhm le linn 2024.

RGCS

Leanadh le hobair measúnaithe maidir le comhlíonadh Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir leis an RGCS. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais um chosaint sonraí mar chuid den chlár oibre bliantúil. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú, i Ráithe 4 2024, ar Thaifid gach rannóg agus rannán ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (RoPAnna). Sa bhliain 2024, leanadh ar aghaidh le hobair a bhain leis an struchtúr rialachais foriomlán a mheasúnú chun cosaint sonraí a bhainistiú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Saoráil Faisnéise

Tugadh freagra ar 23 iarratas um Shaoráil Faisnéise i rith na bliana, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Ceisteanna Parlaiminte (PQanna)

Fuarthas naoi gceist pharlaiminteacha ar an iomlán ó Thithe an Oireachtais i rith na bliana. Bhain na CPanna le ceisteanna ábharthachta do rannóg ar fud Ard-Mhúsaem na hÉireann i réimsí Oibríochtaí agus Bailiúchán agus Rochtana.

An Ghaeilge

